TREOIRLÍNTE ATHCHEARTAITHE

# Treoirlínte maidir le Bainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa

## in Iar-Bhunscoileanna



HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
State Claims Agency

TREOIRLÍNTE ATHCHEARTAITHE

# Treoirlínte maidir le Bainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa

## in Iar-Bhunscoileanna

# Clár na nÁbhar

TREOIRLÍNTE ATHCHEARTAITHE

## Cuid A


Réamhrá 3

Réamhrá 4

Sábháilteacht, Sláinte, agus Leas a Bhainistiú in Iar-Bhunscoileanna 5

1. Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa 7
2. Próifíl na Scoile 9
3. Acmhainní le Cur i bhFeidhm 9
4. Rólanna agus Freagrachtaí 10
5. Measúnú Riosca 14
6. Gnásanna Éigeandála 16
7. Teagasc, Oiliúint agus Maoirseacht 19
8. Cumarsáid agus Comhairliúchán 20
9. Monatóireacht, Athbhreithniú agus Uasdátú 21

Seicliosta Ráitis Sábháilteachta 22


## Cuid B


Innéacs agus nasc chuig Ceisteanna Coitianta (CCanna) ar líne 29

Ceisteanna Coitianta (CCanna) 33


## Cuid C


Buntreoir maidir le Teimpléid Measúnaithe Riosca 56

Innéacs agus nasc chuig Teimpléid Measúnaithe Riosca ar líne 62

Teimpléid Measúnaithe Riosca ar líne 68

# Réamhrá

Is leagan uasdátaithe agus cuíchóirithe atá san fhoilseachán seo de *Treoirlínte maidir le Bainistiú Sábháilteachta agus Sláinte in Iar-Bhunscoileanna* arna fhoilsiú in 2010 ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus an Tionscnamh Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile.

Tá aiseolas ó scoileanna agus eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le bainistiú sábháilteacha i scoileanna curtha san áireamh sna *Treoirlínte maidir le Bainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa in Iar-Bhunscoileanna* athcheartaithe seo. Rinneadh uasdátú, giorrú agus simpliú orthu ar son na héascaíochta.

An aidhm atá leo ná cabhrú le scoileanna a n-oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne, na ndaltaí, na gcuairteoirí agus daoine eile sa scoil a bhainistiú. Is taca do na *Treoirlínte* athcheartaithe atá sna teimpléid measúnaithe riosca atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta **www.hsa.ie/education**.

Cuirtear cur chuige praiticiúil céim ar chéim ar fáil do scoileanna sna *Treoirlínte* athcheartaithe maidir le ráiteas sábháilteachta a fhorbairt agus a úsáid agus iad deartha sa dóigh gur féidir le bainistíocht na scoile iad a thuiscint agus a úsáid i dtimpeallacht na scoile.

Gabhaimid buíochas leis na daoine ar fad a ghlac páirt in ullmhúchán na *dTreoirlínte* seo. Gabhaimid buíochas speisialta le hionadaithe na gcomhpháirtithe oideachais agus le líon scoileanna ar chuir a n-aiseolas go mór le rath an phróisis chomhoibríoch i rith a bhforbartha.

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
State Claims Agency

# Réamhrá

Tagann foilsiú na *dTreoirlínte maidir le Bainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa in Iar-Bhunscoileanna* athcheartaithe seo (na Treoirlínte) mar thoradh ar chomhthionscadal a ghabh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GES).

## Cuid A

Cuirtear síos i **gCuid A** de na Treoirlínte seo go soiléir ar ar chóir do **ráiteas sábháilteachta** a chuimsiú. Tá **Seicliosta Ráitis Sábháilteachta** ansin freisin a d'fhéadfadh a bheith úsáideach ag scoileanna ar dhá bhealach: ar dtús, d'fhonn a chinntiú go gcuimsítear gach rud ar chóir ina ráiteas sábháilteachta; ansin, d'fhonn a sheiceáil an bhfuil an scoil ag cur gach gealltanas a tugadh ina ráiteas sábháilteachta i gcrích.

## Cuid B

Áirítear innéacs le **Cuid B** chomh maith le nascanna chuig na **Ceisteanna Coitianta (CCanna)**. Tá siad sin ar fáil anseo, agus ar líne freisin ag **www.hsa.ie/education**. Cuimsítear sna CCanna liosta de fhreagraí gearra ar eochaircheisteanna ó thaobh saincheisteanna a bhaineann le bainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa i scoil. Is í an aidhm atá leo ná cabhrú le scoileanna ceisteanna a fhreagairt maidir le gnéithe den bainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa.

## Cuid C

Áirítear buntreoir do mheasúnú riosca le **Cuid C** chomh maith le hinnéacs agus nascanna chuig na **Teimpléid Measúnaithe Riosca** a gheobhaidh tú ar líne freisin ag **www.hsa.ie/education**. Tá measúnú riosca lárnach i mbainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa in aon áit oibre agus cabhróidh na teimpléid sin leat na tascanna a chomhlíonadh ar bhealach simplí agus praiticiúil. Is féidir na teimpléid a íoslódáil agus tá siad idirghníomhach d'fhonn go mbeadh sé éasca ag aon duine atá ag cur measúnú riosca i gcrích in aon chuid den scoil iad a chomhlíonadh.

CUID A

# Sábháilteacht, Sláinte, agus Leas a Bhainistiú in Iar-Bhunscoileanna

I scoil, is é an Bord Bainistíochta nó an Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) atá freagrach, mar fhostóir, as sábháilteacht, sláinte agus leas a gcuid fostaithe ag an obair, agus na ndaoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre na scoile go díreach i gcion orthu, a áirithiú a mhéid agus is féidir.

Ceanglaítear le dlí go mbeadh ráiteas sábháilteachta ag gach Bord Bainistíochta agus BOO dá gcuid scoil(eanna). Is doiciméad scríofa beo é ráiteas sábháilteachta a leagann amach na sonraí maidir leis an mbealach a mbainistítear sábháilteacht, sláinte agus leas i scoil. Cuimsítear ann struchtúr na scoile, gníomhaíochtaí pleanála, cleachtais, nósanna imeachta agus acmhainní chun sábháilteacht, sláinte agus leas a chur i bhfeidhm agus a chothú. Treoirphlean atá i ráiteas sábháilteachta maith d'fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú i do scoil.

## Ráiteas Sábháilteachta a Fhorbairt Do Do Scoil

Bíonn gníomhaíocht leanúnach i gcaitheamh na bliana i gceist le sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainsitiú i do scoil. Tá sí sin bunaithe ar fad ar an ráiteas sábháilteachta scríofa a dhéanfaidh tú a fhorbairt, a athbhreithniú agus a uasdátú de réir mar is gá. Ba chóir go n-athbhreithneofaí an ráiteas sábháilteachta go foirmiúil gach bliain nó sa chás ina raibh athrú suntasach ann maidir le guaiseacha san ionad oibre.

De réir Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, cuirtear de cheangal ar fhostóir ráiteas sábháilteachta a ullmhú chun na nithe seo a leanas a chosaint:

- sábháilteacht, sláinte agus leas a bhfostaithe nuair a bhíonn siad ag an obair;
- sábháilteacht agus sláinte daoine eile a d'fhéadfadh bheith san ionad oibre, lena n-áirítear: daltaí, cuairteoirí, conraitheoirí agus baill den phobal.

## Réimsí le hAghaidh a Thabhairt orthu i Ráiteas Sábháilteachta na Scoile

Ba chóir go dtabharfaí aghaidh ar na réimsí seo a leanas i ráiteas sábháilteachta do scoile:

# Gnéithe Ráitis Sábháilteachta Scoile

1. Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa
2. Próifíl na Scoile
3. Acmhainní le Cur i bhFeidhm
4. Rólanna agus Freagrachtaí
5. Measúnú Riosca
6. Gnásanna Éigeandála
7. Teagasc, Oiliúint agus Maoirseacht
8. Cumarsáid agus Comhairliúchán
9. Monatóireacht, Athbhreithniú agus Uasdátú

# 1 Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa

I dtosach báire, ba chóir don Bhord Bainistíochta/BOO **beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa,** ar a dtugtar beartas sláinte agus sábháilteachta freisin a ullmhú, mar chuid d'ullmhúchán an ráitis sábháilteachta. Is doiciméad scríofa é an beartas sin ina bhfuil dearbhú ar thiomantas an Bhoird Bainistíochta/BOO maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas sa scoil a chinntiú a mhéid is féidir, agus maidir leis na ceanglais reachtúla ábhartha go léir a chomhlíonadh. Ba chóir go míneofaí ann go soiléir tiomantas an Bhoird Bainistíochta/BOO maidir le feidhmíocht sábháilteachta agus sláinte san iomlán, go gcuirfí creatlach ar fáil d'fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú, agus go liostófaí beartais ábhartha scoile.

D'fhéadfaí go n-áirítear leis na gealltanais seo a leanas ón mBord Bainistíochta/BOO:

- gníomhaíochtaí scoile a bhainistiú agus a riaradh ar bhealach a chinntíonn sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne
- Iompar míchuí ar dócha go bhféadfadh sé sábháilteacht na foirne nó daoine eile a chur i mbaol a chosc[1]
- bealaí isteach agus amach sábháilte a chur ar fáil
- gléasra agus trealamh sábháilte a chur ar fáil
- córais oibre shábháilte a chur ar fáil
- rioscaí ó aon earra nó substaint don tsábháilteacht agus don tsláinte a chosc
- faisnéis, teagasc, oiliúint agus maoirseacht chuí a chur ar fáil
- trealamh cosanta pearsanta (TCP) agus éadach cosantach cuí a chur ar fáil áit nach féidir fáil réidh le guaiseacha
- pleananna éigeandála a ullmhú, a athbhreithniú agus a leasú
- foireann a ainmniú le haghaidh dualgais éigeandála
- áiseanna leasa a chur ar fáil agus a chothabháil
- duine inniúil a cheapadh chun comhairle agus cabhair a thabhairt d'fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne a áirithiú.

Seo thíos **beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa** samplach gur féidir a úsáid nó a leasú do do scoil agus a ionchorprú i ráiteas sábháilteachta do scoile. Is féidir é seo a íoslódáil ó **www.hsa.ie/education**.

1 Áirítear "pléaráca" agus bulaíocht ag an obair laistigh den chatagóir seo.

## Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, is beartas é de chuid an Bhoird Bainistíochta/BOO, a mhéid is féidir ar bhonn réasúnta, sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne go léir ag an obair a chinntiú agus daltaí, cuairteoirí, conraitheoirí agus pearsana eile ag an scoil a chosaint ó ghortú nó drochshláinte a éiríonn as aon ghníomhaíocht oibre. Éilíonn cur i bhfeidhm rathúil an bheartais sin tacaíocht iomlán agus comhoibriú gníomhach fhoireann, chonraitheoirí agus dhaltaí na scoile go léir.

Tá sé aitheanta gur ceanglais reachtacha iad sainaithint guaiseacha, measúnú riosca agus bearta rialúcháin nach mór d'fhostóir a gcur i gcrích a chinntiú chun sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne go léir a áirithiú.

Tógann an Bord Bainistíochta/BOO orthu féin mar fhostóirí, a mhéid is féidir ar bhonn réasúnta:

(a) caighdeáin sábháilteachta, sláinte agus leasa a chloíonn le forálacha agus riachtanais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus le reachtaíocht ábhartha eile, le caighdeáin agus le cóid chleachtais a chur chun cinn;
(b) faisnéis, oiliúint, teagasc agus maoirseacht a chur ar fáil nuair is gá, chun cur ar chumas na foirne a gcuid oibre a dhéanamh go sábháilte agus go héifeachtach;
(c) suim leanúnach agus sheasmhach i gcúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa a chothú a bhaineann le gníomhaíochtaí na scoile;
(d) feabhas leanúnach a chur leis an gcóras atá i bhfeidhm chun sábháilteacht, sláinte agus leas ceirde a bhainistiú agus athbhreithniú a dhéanamh air go tréimhsiúil chun a chinntiú go leanann sé de bheith ábhartha, cuí agus éifeachtach;
(e) dul i gcomhairle leis an bhfoireann ar chúrsaí atá bainteach le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair;
(f) na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil chun sábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine go léir a bhfuil dualgas cúraim orthu ina leith a chinntiú, lena n-áirítear an fhoireann, daltaí, conraitheoirí agus cuairteoirí.

Tá an Bord Bainistíochta/BOO tiomanta do ról gníomhach a bheith aige i gcur i bhfeidhm an bheartais sábháilteachta, sláinte agus leasa ceirde seo agus tógann siad orthu féin athbhreithniú agus leasú a dhéanamh air i bhfianaise athruithe sa reachtaíocht, sa trealamh, sa taithí agus i bhforbairtí ábhartha eile.

Sínithe: ........................................................................................................................

Cathaoirleach, Bord Bainistíochta/BOO ..............................................................................

Scoil: ...................................................... Dáta: ..............................................................

# 2 Próifíl na Scoile

Ba chóir don chuid seo den ráiteas sábháilteachta léargas gairid a thabhairt ar ghnéithe suntasacha na scoile ag díriú ach go háirithe ar chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa, agus ag cur san áireamh na nithe seo a leanas:

- méid na scoile
- nósanna imeachta pleanála
- soláthar do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu
- foirgnimh agus áiseanna na scoile
- struchtúir/cairt eagrúcháin
- liosta cuairteoirí rialta a sholáthraíonn seirbhísí don scoil, m.sh. teagascóirí seachtracha, conraitheoirí nó soláthraithe seirbhísí oideachais
- oideachas aosach

# 3 Acmhainní le Cur i bhFeidhm

Is fearr pleanáil sábháilteachta, sláinte agus leasa a aithint mar dhlúthpháirt de phróisis phleanála agus féinmheastóireachta na scoile atá ann cheana féin. Ba chóir go ndéanfadh tosaíochtaí agus cinntí pleanála na scoile go ginearálta eolas don ráiteas sábháilteachta agus go mbeadh sé ag teacht leo.

Liostaigh cad iad na hacmhainní a dháiltear d'fhonn tacú le sábháilteacht, sláinte agus leas sa scoil agus déan cuir síos orthu, m.sh. daoine, airgead, trealamh, oiliúint.

# 4 Rólanna agus Freagrachtaí

Déan cinneadh ar **rólanna agus freagrachtaí** ar leith na ndaoine a chomhordóidh sábháilteacht, sláinte agus leas ar son an Bhoird Bainistíochta/BOO agus déan doiciméadú orthu. Is iad na príomhoidí nó na príomhoidí tánaisteacha is fearr atá in inmhe sábháilteacht, sláinte agus leas a chomhordú, ach cuimhnigh gur an Bord Bainistíochta/BOO atá freagrach fós san iomlán. Ba chóir na rólanna sin agus na freagrachtaí a ghabhann leo a dhoiciméadú go soiléir sa ráiteas sábháilteachta.

Ba chóir daoine eile a bhfuil freagrachtaí ar leith acu maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a shainaithint sa ráiteas sábháilteachta, m.sh., garchabhróirí oilte, na daoine atá freagrach as druileanna dóiteáin a eagrú, na múinteoirí a dhéanann measúnuithe riosca ina gcuid seomraí ranga, agus na daoine atá freagrach as tailte nó trealamh a chothabháil.

Tá tuilleadh eolais maidir le **dualgais** agus gnáthfhreagrachtaí Bord Bainistíochta/BOO, príomhoidí, foireann teagaisc agus eile, chomh maith le conraitheoirí agus cuairteoirí liostaithe anseo thíos:

## An Bord Bainistíochta/BOO

- comhlíonann siad a ndualgais dlíthiúla mar fhostóir de réir Achta 2005
- cuireann siad ionad agus córais oibre shábháilte ar fáil
- cinntíonn siad go bhfuil measúnuithe riosca scríofa agus ráiteas sábháilteachta atá cothrom le dáta ag an scoil
- faigheann siad tuairiscí rialta maidir le ceisteanna sábháilteachta agus sláinte
- athbhreithníonn siad an ráiteas sábháilteachta ar a laghad uair sa bhliain agus nuair a tharlaíonn athruithe a d'fhéadfadh dul i gcion ar shábháilteacht, sláinte agus leas
- athbhreithníonn siad feidhmíocht na scoile maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa
- leithdháileann siad acmhainní leordhóthanacha chun déileáil le ceisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa
- is féidir leo daoine inniúla a cheapadh de réir mar is gá chun comhairle nó cúnamh a thabhairt don Bhord Bainistíochta/BOO maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa sa scoil.

## Maidir leis an duine ainmnithe le haghaidh sábháilteachta, sláinte agus leasa a fheidhmíonn ar son an Bhoird Bainistíochta, m.sh. an príomhoide

- comhlíonann sé/sí riachtanais Achta 2005
- tugann sé/sí tuairisc don Bhord Bainistíochta/BOO maidir le feidhmíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa na scoile
- bainistíonn sé/sí sábháilteacht, sláinte agus leas sa scoil ó lá go lá
- déanann sé/sí cumarsáid le gach ball de phobal na scoile maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa go rialta
- cinntíonn sé/sí go ndéantar imscrúdú ar gach timpiste agus teagmhas agus go gcomhlánaítear na tuairiscí reachtúla cuí
- bainistíonn sé/sí forbairt agus cleachtadh rialta gnásanna éigeandála
- eagraíonn sé/sí oiliúint ábhartha
- cinntíonn sé/sí go ndéantar measúnuithe riosca agus gníomhartha ceartaitheacha
- cinntíonn sé/sí go ndéantar athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht na scoile maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas

## Maidir le foireann teagaisc agus eile

- cloíonn siad leis na dualgais reachtúla ar fad maidir le fostaithe mar a cheanglaítear le hAcht 2005
- comhoibríonn siad le bainistíocht na scoile i gcur i bhfeidhm an ráitis sábháilteachta
- cuireann siad daltaí ar an eolas maidir leis na gnásanna sábháilteachta a bhaineann le hábhair ar leith
- cinntíonn siad go gcloíonn daltaí le gnásanna sábháilte, m.sh. trealamh cosanta pearsanta (TCP) a úsáid agus cloí le rialacha na saotharlainne
- déanann siad measúnuithe riosca ar an timpeallacht oibre in aice láimhe
- déanann siad seiceáil fhoirmiúil ar an seomra ranga/ timpeallacht oibre in aice láimhe chun a chinntiú go bhfuil sé sábháilte agus saor ó locht is ó fhabhtanna
- cinntíonn siad go bhfuil an trealamh sábháilte roimh é a úsáid
- cinntíonn siad go ndéantar measúnuithe riosca ar ghuaiseacha nua, m.sh. innealra, córas nó earra ceimiceach nua
- roghnaíonn agus ceapann siad ionadaí/ionadaithe sábháilteachta
- comhoibríonn siad le coiste sábháilteachta na scoile
- tugann siad tuairisc ar thimpistí, neastimpistí agus tarluithe contúirteacha do dhaoine ábhartha mar a shonraítear sa ráiteas sábháilteachta

## Úsáideoirí Scoile Eile

Tá sé de dhualgas ar dhaltaí, tuismitheoirí, daoine deonacha agus cuairteoirí cloí le rialacháin agus treoracha na scoile maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas.

## Conraitheoirí

Tá de dhualgas ar aon chonraitheoir atá ag obair sa scoil nó ar a son cloí le hoibleagáidí reachtúla mar a shonraítear iad faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007-2016, agus aon reachtaíocht eile a bhaineann le hábhar mar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2013.

Chun críocha an ráitis sábháilteachta ní mór don scoil:

- na codanna ábhartha dá ráiteas sábháilteachta agus dá comhad sábháilteachta (má tá ceann ann) a chur ar fáil d'aon chonraitheoirí atá i mbun oibre sa scoil nó thar a ceann
- na rialacháin agus treoracha scoile maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a chur ar fáil do chonraitheoirí
- bheith feasach ar dhualgas an chonraitheora codanna ábhartha ráiteas sábháilteachta agus mheasúnuithe riosca an chonraitheora a chur ar fáil don scoil maidir leis an obair atá ar bun
- comhoibriú agus a ngíomhaíochtaí a chomhordú d'fhonn rioscaí sábháilteachta, sláinte agus leasa a chosc nuair a roinneann sí a hionad oibre le conraitheoir.

Tá de dhualgas ar scoil mar Chliant má fhostaíonn siad conraitheoir d'fhonn obair thógála a dhéanamh, m.sh. nuair atá obair thógála ar siúl ag scoil, beidh **dualgais mar Chliant** orthu faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2013.

Áirítear leis na dualgais sin:

- dearthóirí agus conraitheoirí inniúla a cheapadh
- Maoirseoirí inniúla Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha (MTPD) a cheapadh
- Maoirseoirí inniúla Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta (MTCF) a cheapadh i gcás:
  - go bhfuil níos mó ná conraitheoir amháin páirteach san obair
  - gur sceidealaíodh go mairfeadh an obair níos mó ná 30 lá (nó 500 daonlá), nó
  - go bhfuil riosca ar leith i gceist
- an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a chur ar an eolas má sceidealaíodh go mairfeadh an obair níos mó ná 30 lá (nó 500 daonlá) trí úsáid a bhaint as **Foirm AF1** atá ar fáil ar **www.hsa.ie**.

Féadfaidh an ráiteas sábháilteachta tagairt d'oibleagáidí reachtúla breise atá ar an scoil agus na conraitheoirí faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007-2016, agus aon reachtaíocht eile a bhaineann le hábhar mar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2013.

Tá sonraí breise ar fáil ar **www.hsa.ie**

## Ionadaí Sábháilteachta

Tá fostaithe i dteideal ionadaí sábháilteachta, nó trí chomhaontú leis an mBord Bainistíóchta/BOO, níos mó ná ionadaí sábháilteachta amháin, a roghnú. Ba chóir modh roghnúcháin agus ról an ionadaí sábháilteachta a leagan amach anseo.

Is é an ról atá ag ionadaí sábháilteachta ná dul i gcomhairle agus uiríll a dhéanamh chuig an bpríomhoide nó chuig an mBord Bainistíochta/BOO maidir le ceisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhaineann le comhghleacaithe (lena n-áirítear foireann neamhtheagaisc) sa scoil.

Tá de cheart ag an ionadaí sábháilteachta (tar éis fógra leordhóthanach a thabhairt don Bhord Bainistíochta/BOO); iniúchtaí a dhéanamh ar an scoil ar fad nó cuid de agus láithreach, i gcás tionóisce, teagmhais chontúirtigh nó garchontúirte nó garphriacail do shábháilteacht agus tionóiscí agus teagmhais chontúirteacha a imscrúdú. Féadfaidh ionadaithe sábháilteachta freisin:

- tar éis fógra a thabhairt don Bhord Bainistíochta/BOO gearáin a imscrúdú a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte
- uiríll a dhéanamh chuig cigirí ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta
- a bheith i gcuideachta cigirí ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ag a mbeidh imscrúduithe á ndéanamh (seachas imscrúdú chun tionóisc a imscrúdú cé gur féidir é sin a cheadú de rogha an chigire)

Má tá cigire ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ag déanamh imscrúdaithe, ní mór don Bhord Bainistíochta/BOO an t-ionadaí sábháilteachta a chur ar an eolas. Féadfaidh an príomhoide é sin a dhéanamh, thar ceann an Bhoird Bainistíochta.

Tá ionadaithe sábháilteachta i dteideal am saor óna gcuid oibre, gan luach saothair a chailleadh, chun a gcuid feidhmeanna a urscaoileadh agus chun oiliúint a fháil dá ról.

Níl aon dualgais ar an ionadaí sábháilteachta ach tá cearta agus feidhmeanna aige/aici. Liostaítear iad sin in Acht 2005 agus leagtar iad amach sa *Leabhar Acmhainní d'Ionadaithe Sábháilteachta* agus *Treoirlínte maidir le hIonadaithe Sábháilteachta* ar **www.hsa.ie**. Tá cúrsa gairid múscailte feasachta ar fáil ar líne saor in aisce d'ionadaithe sábháilteachta ar **https://hsalearning.ie**.

## An Coiste Sábháilteachta

Éascaíonn coiste sábháilteachta an próiseas comhairliúcháin ar chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa i scoil, mar shampla, trí athbhreithniú na measúnaithe riosca, bheartas agus nósanna imeachta na scoile. Is ceist le comhaontú idir an Bord Bainistíochta/BOO agus an fhoireann é an cinneadh coiste sabháilteachta a bhunú.

Má tá cinneadh déanta ag scoil coiste sábháilteachta a bhunú, ba chóir an ról agus na feidhmeanna atá aige maidir le bainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa a leagan amach. D'fhéadfaí go n-áireofaí le baill coiste sábháilteachta ionadaithe ón mBord Bainistíochta/BOO, an Príomhoide nó Príomhoide Tánaisteach, Oifigeach Sábháilteachta (má tá duine ceaptha ag an mBord Bainistíochta/BOO) nó Ionadaí Sábháilteachta (má tá duine tofa ag an bhfoireann). Is féidir le baill foirne suí ar an gcoiste sábháilteachta, agus féadfaidh an scoil cinneadh a dhéanamh ionadaí na ndaltaí nó ionadaí na dtuismitheoirí/gcaomhnóírí a chur leis an gcoiste. Is féidir tuilleadh eolais faoi choiste sabháilteachta a fháil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta **www.hsa.ie.**

# 5 Measúnú Riosca

Tá measúnú riosca lárnach i mbainistiú éifeachtach sábháilteachta, sláinte agus leasa in aon áit oibre. Sula dtabharfaimid aghaidh ar mheasúnú riosca, seo roinnt téarmaí riachtanacha sláinte agus sábháilteachta ar chóir a léamh i gcomhar leis an rannán seo de na Treoirlínte. Ba chóir go mbeadh gach ball de phobal na scoile eolach ar na téarmaí seo.

**Guais:**
Is éard is guais ann ná rud ar bith a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do dhaoine, do réadmhaoin nó don timpeallacht. Is féidir le hábhar, trealamh nó modh nó cleachtas oibre a bheith i gceist.

**Riosca:**
Ciallaíonn riosca an chosúlacht atá ann go ndéanfadh an ghuais díobháil do dhuine chomh maith le déine na díobhála a fhulaingítear. Braitheann an riosca freisin ar líon na ndaoine atá faoi lé na guaise.

**Rialúcháin/bearta rialúcháin:**
Is iad rialúcháin/bearta rialúcháin na bearta cosanta a ghlactar chun a áirithiú go ndíchurfar nó go laghdófar an riosca. I ndiaidh an mheasúnaithe riosca, is gné fhíorthábhachtach maidir le bainistiú éifeachtach sábháilteachta é bearta rialúcháin a chur i bhfeidhm. Cinntíonn bearta rialúcháin, mar shampla, go bhfuil an trealamh sábháilte agus go ndéantar gníomhaíochtaí oibre ar bhealach sábháilte. Ní leor é a bheith feasach ar an riosca. Ní mór bearta rialúcháin a chur i bhfeidhm chun é a dhíchur nó a laghdú go suntasach.

**Measúnú riosca:**
Baineann measúnú riosca le **guais a shainaithint**, agus ina dhiaidh sin meastachán a dhéanamh ar **dhéine agus ar chosúlacht na díobhála** a d'fhéadfadh eascairt as guais mar sin. Is féidir leis an bhfostóir **bearta rialúcháin** a chur i bhfeidhm ansin leis an riosca a laghdú nó measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil bearta leordhóthanacha réamhchúraim déanta aige/aici le díobháil a chosc.

Ní mór measúnú riosca a dhéanamh ar gach gníomhaíocht sa scoil a d'fhéadfadh a bheith ina cúis tionóisce nó drochshláinte, na cinn is guaisí ach go háirithe. Tá próiseas an mheasúnaithe riosca sách simplí agus ceadaíonn sé do scoileanna guaiseacha a shainaithint agus déileáil leo go héifeachtach ionas nach mbeadh siad ina ndainséar d'aon duine gan ghá. Mar shampla, in Éirinn, is é an láimhsiú an chúis is minice le gortuithe san ionad oibre, agus sciorradh, tuisliú nó titim (STT) an dara cúis is minice. Is ionann sciorradh, tuisliú nó titim agus aon cheathrú de na timpistí ar fad a thuairiscítear in earnáil an oideachais. Tá na guaiseacha sin ar fáil i ngach scoil agus ní mór measúnú riosca a dhéanamh orthu i gcomhar le guaiseacha comónta eile.

Ní mór do gach measúnú riosca a bheith scríofa agus san áireamh le ráiteas sábháilteachta na scoile. Is féidir na teimpléid measúnaithe riosca a forbraíodh mar chuid de na Treoirlínte seo (féach Cuid C) a úsáid d'fhonn an próiseas a chur i gcrích.

Ba chóir don scoil an próiseas 3-chéim seo a leanas a úsáid le measúnú riosca a chur i gcrích:

**Céim 1** An ghuais a shainaithint

**Céim 2** An riosca a mheas i gcomhréir leis an nguais

**Céim 3** Bearta rialúcháin cuí a shainaithint agus a chur i bhfeidhm chun an riosca a dhíchur nó a laghdú

Cuir san áireamh sonraí an duine atá freagrach as na measúnuithe riosca a chur i gcrích i ngach réimse gníomhaíochta, mar shampla, in go leor cásanna is é an duine is cuí le measúnú riosca a chur i gcrích ar sheomra ranga ná an múinteoir ar leith a úsáideann an seomra ranga sin toisc gur é/í is eolaí ar an timpeallacht agus na gníomhaíochtaí a dhéantar.

Cuir san áireamh na sonraí maidir le soláthar faisnéise na scoile ar mheasúnú riosca don fhoireann ar fad agus na hacmhainní cuí a thacaíonn le measúnú riosca. Mar chuid de na Treoirlínte seo, rinneadh teimpléid measúnaithe riosca do réimse mór guaiseacha atá i gcoiteann ag scoileanna. Is féidir iad sin a íoslódáil astu féin agus a chomhlánú ar líne nó as agus ba chóir iad a chur leis an gcáipéisíocht do do ráiteas sábháilteachta. *(Feic Cuid C d'fhonn liosta de theimpléid measúnaithe riosca scoile a fháil ar* **www.hsa.ie/education***)*

Ní mór measúnuithe riosca comhlánaithe a chur san áireamh leis an ráiteas sábháilteachta. Ba chóir iad a athbhreithniú agus a athcheartú ar a laghad uair sa bhliain nó de réir mar a tharlaíonn athruithe maidir le trealamh, córais nó pearsanra nua nó athruithe suntasacha eile. Ní mór an ráiteas sábháilteachta a chur ar shúile na foirne uile agus ba chóir go mbeadh rochtain acu air aon uair is gá.

# 6. Gnásanna Éigeandála

Cuimseoidh an rannán seo den ráiteas sábháilteachta pleananna, gnásanna agus bearta na scoile le leanúint i gcás éigeandála nó dainséar tromchúiseach atá ar tí tarlú.

Ba cheart go n-áireofaí le cuntas sonraithe de phlean na scoile d'fhonn freagairt d'éigeandáil nó do theagmhas criticiúil:

- liosta de dhaoine atá freagrach as an bplean a chomhordú agus a chur i gcrích chomh maith le sonraí ar a gcuid dualgas ar leith
- liosta de na céimeanna i ngnásanna na scoile le dul i ngleic le réimse cásanna éigeandála agus teagmhas criticiúil lena n-áirítear tine, tuile, rabhadh buama agus teagmhais eile mar ghortú tromchúiseach nó bás trí thimpiste nó trí fhéinmharú
- gnásanna idirchaidrimh maidir le teaghlaigh na ndaoine a ndeachaigh an teagmhas i gcion orthu
- sonraí seirbhísí áitiúla agus náisiúnta éigeandála agus tacaíochta mar na Gardaí, an tSeirbhís Dóiteáin, an tSeirbhís Otharcharranna, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO), dochtúirí ginearálta áitiúla agus ospidéil
- liosta de na hacmhainní a d'úsáid an scoil agus an plean bainistíochta teagmhais chriticiúil á dhréachtadh, mar:
  - *Freagairt do Theagmhais Chriticiúla, Treoirlínte do Scoileanna,* an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais
  - *Pleanáil Theagmhasach i gComhthéacs Éigeandáil Náisiúnta,* **www.education.ie**

## Sábháilteacht dóiteáin

Ba chóir go gcuimseodh an chuid seo de ráiteas sábháilteachta na scoile cur síos ar ghnásanna na scoile maidir le bainistiú sábháilteachta dóiteáin. Ba cheart go mbeadh sonraí maidir le cleachtadh rialta phleananna aslonnaithe nó dhruileanna dóiteáin na scoile san áireamh leis sin lena n-áirítear:

- na daoine atá freagrach as na druileanna dóiteáin a reáchtáil agus a gcuid dualgas
- uainiú agus minicíocht na ndruileanna dóiteáin. (Tá sé sin le cinneadh ag an scoil i bhfianaise a cúinsí féin). Moltar dhá dhruil sa bhliain agus ba chóir na sonraí a dhoiciméadú
- gnásanna maidir le foráil d'aslonnú daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais bhreise eile acu
- liostaí d'ionaid tionóil dóiteáin agus conas a aithnítear iad
- suíomhanna na dtreochomharthaí dóiteáin
- cur síos ar chóras soilsithe éigeandála na scoile
- léarscáil a léiríonn bealaí amach éigeandála na scoile
- léarscáil a léiríonn suíomhanna trealamh comhraicthe dóiteáin
- na gnásanna agus daoine atá freagrach as taifead a choinneáil de na druileanna dóiteáin a reáchtáladh, na torthaí a athbhreithníodh agus na gníomhartha a rinneadh mar thoradh orthu sin
- cur síos ar conas a chuirfear na gnásanna aslonnaithe in iúl do gach páirtí.

Ba chóir go bhfaigheadh aon bhaill foirne a bhfuil freagrachtaí ar leith acu maidir leis an tsábháilteacht dóiteáin (m.sh. Marascail Dóiteáin) teagasc sonraithe faoina gcuid dualgas agus an oiliúint riachtanach athnuachana. Ba chóir go bhfaigheadh baill foirne ainmnithe oiliúint ar a laghad uair sa bhliain ach b'fhearr dhá uair sa bhliain.

Ba chóir go gcuimseodh an rannán seo ráiteas ar conas a sholáthraíonn agus a chothabhálann an scoil trealamh cuí comhraicthe agus braite dóiteáin lena n-áirítear:

- tástáil go minic ar threalamh comhraicthe dóiteáin (Is féidir tuilleadh eolais agus comhairle atá cothrom le dáta a fháil ó Rannóg na Seirbhísí Dóiteáin san Údarás Áitiúil nó sa Chomhairle Cathrach)
- athnuachan agus cothabháil trealaimh
- oiliúint foirne in úsáid trealaimh comhraicthe dóiteáin
- gnásanna maidir le seiceáil duine/daoine inniúla ar chórais leictreacha na scoile
- is féidir clár dóiteáin a choinneáil d'fhonn gach taifead cuí cothabhála, imscrúdaithe agus tástála ar threalamh sábháilteachta dóiteáin agus éigeandála a thaifeadadh. Tá na taifid sin ina ngné thábhachtach maidir le rialú rioscaí sábháilteachta dóiteáin agus meastar iad mar chuid den mheasúnú riosca dóiteáin.

Tá treoir maidir le hamlínte cothabhála do threalamh agus maidir le infreastruchtúr ar fáil ó d'Údarás Áitiúil.

## Garchabhair

Ba chóir don rannán seo den ráiteas sábháilteachta achoimre shoiléir a thabhairt ar conas a sholáthraíonn agus a chothabhálann an scoil trealamh agus soláthairtí garchabhrach, agus conas a oiltear an fhoireann ina n-úsáid.

Ba cheart go n-áireofaí tagairt do na rudaí seo a leanas leis an gcur síos:

- suíomhanna trealaimh agus soláthairtí garchabhrach tríd an scoil
- na gnásanna a chinntíonn go dtagann fearais gharchabhrach leis an reachtaíocht agus treoir reatha (Féach Garchabhair – Teimpléad Uimh. 21)
- gnásanna comhaontaithe maidir le cén uair is féidir garchabhair a riaradh agus cén duine a dhéanfadh sin
- ainm/neacha an duine/na ndaoine atá freagrach as fearais gharchabhrach a chothabháil
- gnás le cinntiú go bhfuil líon cuí **garchabhróirí ceirde** oilte ar fáil don scoil (mar threoirlíne duine amháin do suas le 99 fostaí má léiríonn measúnú riosca gur gá sin; duine amháin do idir 100 agus 399 ball foirne).

Tá an uimhir sin bunaithe ar an líon uasta fostaithe (foireann) ag aon am ar bith. Baineann na Rialacháin le fostóirí agus fostaithe, agus tá na riachtanais maidir le hoiliúint garchabhrach ceirde leagtha amach go sonrach. B'fhéidir gur mhaith leat líon áirithe daoine a bheith á n-oiliúint sa gharchabhair ghinearálta (i gcodarsnacht leis an ngarchabhair cheirde) leis na daltaí sa scoil a chur san áireamh.

- ainmneacha agus dualgais na ngarchabhróirí ceirde

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais maidir le riachtanais gharchabhrach agus garchabhrach ceirde ar **www.hsa.ie**

## Timpistí agus tarluithe contúirteacha

Ba chóir don rannán seo a leagan amach go soiléir conas a fhreagraíonn an scoil do thimpistí agus tarluithe contúirteacha, conas a imscrúdaíonn sí iad agus conas a thuairiscíonn sí orthu, lena n-áirítear neastimpistí, a eascraíonn as gníomhaíochtaí oibre na scoile agus ba chóir go n-áireofaí leis:

- an gnás atá le leanúint ag an scoil i gcás timpiste nó tarlú contúirteach lena n-áirítear riaradh garchabhrach, glaoch ar dhochtúir, seirbhísí éigeandála, teagmháil le tuismitheoir/caomhnóir/teaghlaigh daoine gortaithe
- an gnás maidir le faisnéis a thaifeadadh agus a choinneáil ar gach timpiste agus tarlú contúirteach
- an gnás maidir le timpistí agus tarluithe contúirteacha a thuairisciú go hinmheánach chuig an mBord Bainistíochta/BOO
- an gnás maidir le timpistí agus tarluithe contúirteacha a thuairisciú go seachtrach chuig comhlachtaí mar an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, árachóirí na scoile nó comhlachtaí eile de réir mar is cuí. (Tá tuilleadh sonraí maidir le hoibleagáidí tuairiscithe na scoile chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil ar **www.hsa.ie**)

Is féidir tuilleadh faisnéise ar thimpistí agus tarluithe contúirteacha, lena n-áirítear imscrúduithe a dhéanamh, a fháil sna CCanna ar leathanaigh 48-51 i gcuid B de na Treoirlínte.

# 7 Teagasc, Oiliúint agus Maoirseacht

Ba chóir go n-áireofaí leis an rannán seo de ráiteas sábháilteachta na scoile cuntas ar conas a sholáthraíonn an scoil oiliúint don fhoireann maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair. D'fhéadfaí go gcuimseodh sé sin aon rud ó theagasc don fhoireann ar fad ar conas measúnuithe riosca a chur i gcrích go hoiliúint do ghrúpaí níos lú/daoine aonair sa gharchabhair, nó in úsáid shábháilte trealaimh speisialaithe.

D'fhéadfaí go n-áireofaí freisin:

- conas atá sé beartaithe ag an scoil an oiliúint sin a sholáthar
- conas a thaifeadann agus a chothabhálann an scoil taifid oiliúna a bhaineann leis an bhfoireann maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas
- oiliúint athnuachana nuair is gá.

Cabhraíonn teagasc leanúnach agus múscailt feasachta i scoileanna maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas le meon sábháilteachta a chothú i measc bhaill an Bhoird Bainistíochta/BOO, na foirne, conraitheoirí, cuairteoirí agus daltaí. Chomh maith le hoiliúint fhoirmeálta, tá réimse gearrchúrsaí múscailte feasachta do scoileanna ar fáil ar líne saor in aisce ar thairseach ríomhfhoghlama an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta **https://hsalearning.ie**. Tá na cúrsaí sin dírithe ar fhostóirí agus fostaithe agus ar dhaoine a bhfuil ról sábháilteachta acu i dtimpeallacht na scoile. Beidh rochtain ag múinteoirí freisin ar chúrsaí do dhaltaí atá ag réiteach don ionad oibre. Is féidir treoir mhionsonraithe agus foilseacháin a íoslódáil freisin ar réimse mór topaicí ó **www.hsa.ie**.

I measc raidhse socruithe ar an talamh (inmheánacha) teagaisc, oiliúna agus maoirseachta a dhéanann an fhoireann scoile cheana agus nach dteastaíonn rannpháirtíocht sheachtrach ina leith, tá tionóil scoile, seisiúin eolais ionduchtaithe agus teagasc agus taispeántais réamhranga i réimsí praiticiúla.

# 8 Cumarsáid agus Comhairliúchán

Ba chóir go n-áireofaí leis an rannán seo cuntas ar conas a chuirtear a bhfuil sa ráiteas sábháilteachta in iúl do phobal na scoile agus conas a théitear i gcomhairle leo maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa.

D'fhéadfaí go n-áireofaí:

- gnásanna na scoile d'fhonn iarraidh ar an bhfoireann cur leis an bpróiseas measúnaithe riosca agus aon athbhreithniú den ráiteas sábháilteachta a tharlaíonn (de ghnáth uair sa bhliain nó nuair a tharlaíonn athruithe.) *I roinnt scoileanna, d'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí chruinnithe coiste sábháilteachta ar a bhfuil ionadaithe ó bhainistíocht na scoile agus ón bhfoireann teagaisc agus neamhtheagaisc.*
- gnásanna na scoile d'fhonn a bhfuil sa ráiteas sábháilteachta a chur in iúl don fhoireann ar fad. *D'fhéadfaí cur i láthair bliantúil a bheith i gceist leis sin ar an ráiteas sábháilteachta ag cruinniú iomlán foirne agus cóip leictreonach den ráiteas sábháilteachta a sholáthar do gach ball foirne nuair a ghabhann sé/sí leis an bhfoireann.*
- gnásanna na scoile d'fhonn ionchur ón bhfoireann a éascú maidir le feabhsuithe sa chaoi ina mbainistítear sábháilteacht, sláinte agus leas. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis sin:
    - roghnú ionadaí sábháilteachta ag an bhfoireann
    - bunú coiste sábháilteachta
    - ceapachán poist freagrachta do chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa (oifigeach sábháilteachta)
    - córas comhaontaithe d'fhonn bainistíocht na scoile a chur ar an airdeall maidir le cúrsaí práinneacha sábháilteachta, sláinte agus leasa
- cuntas ar conas a chuireann an scoil faisnéis ar shábháilteacht, sláinte agus leas in iúl do bhaill uile chomhphobal na scoile. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis sin:
    - suíomhanna póstaer/taispeáintí/fógraí maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa
    - suíomhanna fógraí maidir le gnásanna éigeandála, bealaí éalaithe dóiteáin, ionaid tionóil aslonnaithe, stáisiúin gharchabhrach
    - suíomhanna fógraí i gcomhair cuairteoirí ar an scoil.

# 9 Monatóireacht, Athbhreithniú agus Uasdátú

Is próiseas leanúnach é bainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa. Ba chóir go n-áireofaí leis an ráiteas sábháilteachta cur síos ar conas a chinntíonn an scoil go bhfuil a córas bainistíochta sábháilteachta á chur i bhfeidhm. Is cuntas é sin ar na bearta éagsúla a dhéantar i rith na scoilbhliana le monatóireacht a dhéanamh go bhfuil na gnéithe a bhaineann le bainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa á gcur i gcrích go héifeachtach nó chun é sin a sheiceáil. D'fhéadfaí go n-áireofaí leo sin:

- gur aontaíodh cuspóirí sláinte agus sábháilteachta agus gur socraíodh spriocanna
- go ndearnadh monatóireacht ar chuspóirí sábháilteachta agus sláinte do dhul chun cinn agus feabhsú leanúnach
- gur pléadh cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa mar mhír ar chlár ag cruinnithe an Bhoird Bainistíochta/BOO
- athbhreithniú ar dhruileanna dóiteáin agus cleachtaí aslonnaithe, seiceáil rialta ar ghnéithe sábháilteachta trealaimh i saotharlanna agus i gceardlanna a d'fhéadfadh a bheith dainséarach srl.
- imscrúduithe tréimhsiúla ar threalamh sábháilteachta dóiteáin
- measúnú riosca ar ghuaiseacha nua de réir mar a tharlaíonn siad agus taifead ar bhearta rialúcháin nua a sainaithníodh agus a cuireadh i bhfeidhm
- cruinnithe rialta den choiste sábháilteachta más ann dó
- athbhreithniú ar thimpistí agus tarluithe contúirteacha d'fhonn ceachtanna a fhoghlaim, gníomhartha ceartúcháin agus iarchúram do na daoine a bhí páirteach
- monatóireacht ar shocruithe teagaisc, oiliúna agus maoirseachta de réir na riachtanas oiliúna a sainaithníodh.

Tá cleachtadh ag scoileanna ar an bpróiseas athbhreithnithe beartais mar chuid de phleanáil agus féinmheastóireachta na scoile. Ba cheart tabhairt faoi athbhreithniú den ráiteas sábháilteachta sa dóigh chéanna. Cuimhnigh gur **doiciméad oibre beo** é. Mar sin, tá sé tábhachtach an ráiteas sábháilteachta a athbhreithniú go tréimhsiúil. Do scoileanna, moltar go dtarlódh sé sin ar a laghad uair sa bhliain.

Ba chóir é a athbhreithniú freisin má tharlaíonn athruithe, mar athruithe foirne, athsholáthar trealaimh, nó má chuirtear córais nua i bhfeidhm. D'fhéadfaí go n-áireofaí le rannán deiridh an ráitis sábháilteachta cur síos ar conas a chuireann an scoil athbhreithniú iomlán tréimhsiúil i gcrích dá bhainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa.

Is áis úsáideach é an **Seicliosta Ráitis Sábháilteachta** a leanas d'fhonn cabhrú le do scoil pé áit ina bhfuil sí sa phróiseas seo.

# Seicliosta Ráitis Sábháilteachta

Déanann scoil de réir a ghealltanais do shábháilteacht, sláinte agus leas tríd a ráiteas sábháilteachta a chur i gcrích. D'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh éifeachtach is atá sí ag bainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa, ba chóir do scoil cinntiú go bhfuil doiciméadú déanta ina (i) **ráiteas sábháilteachta** ar na réimsí ábhartha ar fad atá le breithniú agus le cur i bhfeidhm agus go bhfuil (ii) **na gníomhartha aontaithe** curtha i gcrích. Tá na nithe sa **seicliosta** thíos bunaithe ar na rannáin a mholtar do ráiteas sábháilteachta scoile. Is féidir an seicliosta a íoslódáil ó **www.hsa.ie/education**. Is féidir le scoil é a úsáid pé áit ina bhfuil sí sa phróiseas, m.sh. ag athbhreithniú an ráitis sábháilteachta ag tús na scoilbhliana, le linn na bliana, nó ag dréachtadh ráiteas sábháilteachta nua.

Cuimsíonn an seicliosta dhá "thic-cholún" le húsáid de réir mar is cuí. Má chuireann tú **T (tá)** nó **N (níl)** faoin gcéad teideal colúin **'T/N'** dearbhaíonn tú cibé an gcuimsíonn ráiteas sábháilteachta na scoile an ní sin nó nach gcuimsíonn.

Má **thiceáiltear** faoin dara teideal colúin **'Curtha i gCrích'** dearbhaítear gur áit a gcuireadh síos ar ghníomh sa ráiteas sábháilteachta, gur cuireadh an gníomh sin i gcrích **sa scoilbhliain reatha**. Má scríobhtar **Níl** sa cholún sin, dearbhaítear nár cuireadh an gníomh sin atá curtha síos sa ráiteas sábháilteachta i gcrích le linn na scoilbhliana reatha.

Nuair atá an seicliosta comhlánaithe, beidh na nithe atá marcáilte **N** mar bhonn do phlean gnímh na scoile chun a ráiteas sábháilteachta a leasú nó chun gníomh a dhéanamh de réir mar a chuirtear síos air sa ráiteas sábháilteachta.

**Scoilbhliain:** ..................................

# Seicliosta Ráitis Sábháilteachta

| | T/N | Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|
| An bhfuil ráiteas sábháilteachta ag an scoil? | | |
| An ceann reatha é? (i.e. athbhreithníodh le bliain anuas) | | |
| Ar údaraigh/ar shínigh/ar dhaingnigh an Bord Bainistíochta/BOO é? | | |
| An bhfuil an ráiteas sábháilteachta ar fáil don fhoireann ar fad, lena n-áirítear na daoine a dhéanann gníomhaíochtaí oibre neamhtheagaisc sa scoil? | | |

## 1 - Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa

| | T/N | Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|
| An áirítear leis an ráiteas sábháilteachta beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa atá leagtha amach go soiléir? | | |
| An áirítear leis an mbeartas sábháilteachta, sláinte agus leasa dearbhú maidir le tiomantas an Bhoird Bainistíochta/BOO, d'fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne (teagaisc agus neamhtheagaisc) ar fad a chinntiú agus neamhoibrithe a bhfhéadfaí gníomhaíocht oibre sa scoil dul i gcion orthu, a mhéid agus is féidir go réasúnta? | | |
| An áirítear leis gealltanas ón mBord Bainistíochta/BOO cloí leis na riachtanais reachtúla ábhartha ar fad a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ceirde, lena n-áirítear gealltanas gníomhaíochtaí na scoil a bhainistiú i gcomhréir le beartais agus gnásanna na scoile? | | |
| An áirítear leis gealltanas ón mBord Bainistíochta/BOO dul i gcomhairle leis an bhfoireann faoi chúrsaí a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair? | | |

## 2 - Próifíl na Scoile

| | T/N | Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|
| An áirítear leis an ráiteas sábháilteachta cur síos gairid ar ghnéithe suntasacha na scoile ag tagairt go háirithe do shábháilteacht, sláinte agus leas, lena n-áirítear: | | |
| • méid na scoile | | |
| • an gnás pleanála | | |
| • soláthar do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu | | |
| • foirgnimh agus áiseanna na scoile | | |
| • struchtúir/cairt eagrúcháin | | |
| • liosta cuairteoirí rialta a sholáthraíonn seirbhísí don scoil, m.sh. teagascóirí seachtracha, conraitheoirí nó soláthraithe seirbhísí oideachais | | |
| • oideachas aosach | | |

## 3 – Acmhainní le cur i bhfeidhm ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas sa Scoil

| | T/N | Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|
| An liostaítear na hacmhainní reatha atá i bhfeidhm chun tacú le sábháilteacht, sláinte agus leas sa scoil sa ráiteas sábháilteachta? | | |

## 4 – Rólanna agus Freagrachtaí maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

| | T/N | Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|
| An áirítear leis an ráiteas sábháilteachta liosta d'ainmneacha, de phoist agus de dhualgais na ndaoine ar fad a bhfuil freagrachtaí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas sa scoil acu (m.sh. druileanna dóiteáin, garchabhair, cothabháil trealaimh, srl.) lena n-áirítear: | | |
| • An Bord Bainistíochta/BOO | | |
| • An Príomhoide/Príomhoid(e/í) Tánaisteach(a)/Foireann teagaisc | | |
| • Foireann neamhtheagaisc | | |
| • Úsáideoirí eile na scoile lena n-áirítear daltaí, tuismitheoirí, daoine deonacha agus cuairteoirí | | |
| • Conraitheoirí | | |
| • Ionadaí Sábháilteachta | | |
| • An Coiste Sábháilteachta<br>(Áirítear cur síos mionsonraithe ar gach ról le Cuid A, Rannán 4 de na Treoirlínte seo) | | |

## 5 – Measúnú Riosca

| | T/N | Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|
| An áirítear leis an ráiteas sábháilteachta cur síos ar ghnásanna na scoile maidir le measúnuithe riosca a chur i gcrích i réimsí uile ghníomhaíocht na scoile? | | |
| An áirítear sa ráiteas sábháilteachta: | | |
| • sonraí maidir leis na daoine atá freagrach as measúnuithe riosca a chur i gcrích i ngach réimse gníomhaíochta | | |
| • achoimre ar fhaisnéis agus acmhainní na scoile a thacaíonn le measúnú riosca | | |
| • cur síos ar ghnásanna na scoile maidir le leanúint do thuairiscí ó mheasúnuithe riosca | | |
| An gcuimsítear cóipeanna de na measúnuithe reatha riosca ar fad sa ráiteas sábháilteachta? | | |
| An gcuirtear iad sin ar shúile don fhoireann (teagaisc agus neamhtheagaisc) ar fad? | | |

# 6 - Gnásanna Éigeandála, Sábháilteacht Dóiteáin, Garchabhair, Timpistí agus Tarluithe Contúirteacha

| | | T/N | Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|---|
| 6.1 | **Gnásanna Éigeandála**<br><br>An áirítear leis an ráiteas sábháilteachta cuntas mionsonraithe ar phlean na scoile d'fhonn freagairt d'éigeandáil nó do theagmhas criticiúil lena n-áirítear: | | |
| | • liosta de dhaoine atá freagrach as an bplean a chomhordú agus a chur i gcrích chomh maith le sonraí ar a gcuid dualgas ar leith | | |
| | • liosta de na céimeanna i ngnásanna na scoile le dul i ngleic le réimse cásanna éigeandála agus teagmhas criticiúil lena n-áirítear tine, tuilte, rabhadh buama agus teagmhais eile mar ghortú tromchúiseach nó bás | | |
| | • gnásanna idirchaidrimh maidir le teaghlaigh na ndaoine a ndeachaigh an teagmhas i gcion orthu | | |
| | • sonraí seirbhísí áitiúla agus náisiúnta éigeandála agus tacaíochta mar na Gardaí, an tSeirbhís Dóiteáin, an tSeirbhís Otharcharranna, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO), dochtúirí ginearálta áitiúla agus ospidéil | | |
| | • liosta de na hacmhainní a d'úsáid an scoil agus an plean bainistíochta teagmhais chriticiúil á dhréachtadh | | |

| | | T/N | Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|---|
| 6.2 | **Sábháilteacht dóiteáin**<br><br>An áirítear leis an ráiteas sábháilteachta cuntas ar ghnásanna na scoile maidir le bainistiú sábháilteachta dóiteáin? Ba cheart go mbeadh sonraí maidir le cleachtadh rialta phleananna aslonnaithe nó dhruileanna dóiteáin na scoile san áireamh leis sin lena n-áirítear: | | |
| | • na daoine atá freagrach as na druileanna dóiteáin a reáchtáil agus a gcuid dualgas | | |
| | • uainiú agus minicíocht na ndruileanna dóiteáin. *(Tá sé sin le cinneadh ag an scoil i bhfianaise a cúinsí féin).* Moltar dhá dhruil sa bhliain | | |
| | • gnásanna maidir le foráil d'aslonnú daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais bhreise eile acu | | |
| | • liostaí d'ionaid tionóil dóiteáin agus conas a aithnítear iad | | |
| | • suíomhanna na dtreochomharthaí dóiteáin | | |
| | • cur síos ar chóras soilsithe éigeandála na scoile | | |
| | • léarscáil a léiríonn bealaí amach éigeandála na scoile | | |
| | • léarscáil a léiríonn suíomhanna trealamh comhraicthe dóiteáin | | |
| | • na gnásanna agus daoine atá freagrach as taifead a choinneáil de na druileanna dóiteáin a reáchtáladh, na torthaí a athbhreithníodh agus na gníomhartha a rinneadh mar thoradh orthu sin | | |
| | • cur síos ar conas a chuirfear na gnásanna aslonnaithe in iúl do gach páirtí | | |
| | • taifead den oiliúint a rinne an fhoireann maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas | | |
| | An áirítear leis an ráiteas sábháilteachta ráiteas ar conas a sholáthraíonn agus a chothabhálann an scoil trealamh cuí comhraicthe agus braite dóiteáin lena n-áirítear: | | |
| | • tástáil ar threalamh comhraicthe dóiteáin go minic | | |
| | • athnuachan agus cothabháil trealaimh | | |
| | • oiliúint foirne in úsáid trealaimh comhraicthe dóiteáin | | |
| | • gnásanna maidir le seiceáil duine/daoine inniúla ar chórais leictreacha na scoile | | |
| | • cóip de Chlár Dóiteáin na scoile a chuimsíonn taifead de gach taifead cuí cothabhála, imscrúdaithe agus tástála ar threalamh sábháilteachta dóiteáin agus éigeandála | | |

| | | T/N | Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|---|
| **6.3** | **Garchabhair**<br><br>An dtugtar achoimre sa ráiteas sábháilteachta maidir le: | | |
| | • suíomhanna trealaimh agus soláthairtí garchabhrach sa scoil | | |
| | • gnásanna a chinntíonn go gcloíonn na fearais gharchabhrach leis an reachtaíocht agus leis an treoir reatha | | |
| | • gnásanna comhaontaithe maidir le cén uair is féidir garchabhair a riaradh agus cén duine a dhéanfadh sin | | |
| | • ainm/neacha an duine/na ndaoine atá freagrach as fearais gharchabhrach a chothabháil | | |
| | • gnás le cinntiú go bhfuil líon cuí garchabhróirí ceirde oilte ar fáil don scoil (mar threoirlíne duine amháin do suas le 99 fostaí má léiríonn measúnú riosca gur gá sin; duine amháin do idir 100 agus 399 ball foirne) | | |
| | • ainmneacha agus dualgais na ngarchabhróirí ceirde | | |
| | • ainmneacha agus dualgais na ngarchabhróirí ginearálta (má léiríonn an measúnú riosca gur gá) | | |

| | | T/N | Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|---|
| **6.4** | **Timpistí agus tarluithe contúirteacha**<br><br>An leagann an ráiteas sábháilteachta amach go soiléir conas a fhreagraíonn an scoil do thimpistí agus tarluithe contúirteacha, conas a imscrúdaíonn sí iad agus conas a thuairiscíonn sí orthu, lena n-áirítear neastimpistí, a eascraíonn as gníomhaíochtaí oibre na scoile:<br><br>Ba chóir go n-áireofaí leis an rannán seo: | | |
| | • an gnás atá le leanúint ag an scoil i gcás timpiste nó tarlú contúirteach lena n-áirítear riaradh garchabhrach, glaoch ar dhochtúir, seirbhísí éigeandála, teagmháil le tuismitheoir/caomhnóir/teaghlaigh daoine gortaithe | | |
| | • an gnás maidir le faisnéis a thaifeadadh agus a choinneáil ar thimpistí agus tarluithe contúirteach | | |
| | • an gnás maidir le timpistí agus tarluithe contúirteacha a thuairisciú go hinmheánach chuig an mBord Bainistíochta/BOO | | |
| | • an gnás maidir le timpistí agus tarluithe contúirteacha a thuairisciú go seachtrach chuig comhlachtaí mar an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, árachóirí na scoile nó comhlachtaí eile de réir mar is cuí | | |

## 7 – Teagasc, Oiliúint agus Maoirseacht

| | T/N | Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|
| An áirítear sa ráiteas sábháilteachta: | | |
| • cuntas ar conas a sholáthraíonn an scoil faisnéis, teagasc, agus oiliúint don fhoireann maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair | | |
| • gnás chun riachtanais oiliúna a mheas maidir le ceisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa | | |
| • gnás trína gcuirtear oiliúint ar fáil má shainaithníonn measúnú riosca gur gá í | | |
| • taifead den oiliúint ar fad a rinne an fhoireann maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas | | |

## 8 – Cumarsáid agus Comhairliúchán

| | T/N | Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|
| An áirítear leis an ráiteas sábháilteachta cuntas ar conas a chuirtear a bhfuil sa ráiteas sábháilteachta in iúl do phobal na scoile agus conas a théitear i gcomhairle leo maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa:<br><br>An áirítear leis: | | |
| • gnásanna na scoile d'fhonn iarraidh ar an bhfoireann cur leis an bpróiseas measúnaithe riosca agus aon athbhreithniú den ráiteas sábháilteachta a tharlaíonn | | |
| • gnásanna na scoile d'fhonn ionchur ón bhfoireann a éascú maidir le feabhsuithe sa chaoi ina mbainistítear sábháilteacht, sláinte agus leas | | |
| • cuntas ar conas a chuireann an scoil faisnéis ar shábháilteacht, sláinte agus leas in iúl do bhaill uile chomhphobal na scoile (mar shampla, suíomhanna fógraí, póstaer, pointí ionaid garchabhrach, ionad tionóil, fógraí do chuairteoirí) | | |

## 9 – Monatóireacht, Athbhreithniú agus Uasdátú

| | T/N | Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|
| An áirítear leis an ráiteas sábháilteachta cur síos ar conas a chinntíonn an scoil go bhfuil a córas bainistíochta sábháilteachta á chur i bhfeidhm? Is cuntas é sin ar na bearta éagsúla a dhéantar i rith na scoilbhliana le monatóireacht a dhéanamh go bhfuil na gnéithe a bhaineann le bainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa á gcur i gcrích go héifeachtach nó chun é sin a sheiceáil.<br><br>Mar shampla, an áirítear leis: | | |
| • na cuspóirí agus spriocanna comhaontaithe sláinte agus sábháilteachta a socraíodh | | |
| • conas a dhéantar monatóireacht ar chuspóirí sábháilteachta agus sláinte le haghaidh dul chun cinn agus feabhsú leanúnach | | |
| • comhaontú go bpléifear cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa mar mhír ar chlár ag cruinnithe an Bhoird Bainistíochta/BOO | | |
| • athbhreithniú ar dhruileanna dóiteáin agus cleachtaí aslonnaithe, seiceáil rialta ar ghnéithe sábháilteachta trealaimh i saotharlanna agus i gceardlanna a d'fhéadfadh a bheith dainséarach srl. | | |
| • imscrúduithe tréimhsiúla ar threalamh sábháilteachta dóiteáin | | |
| • measúnú riosca ar ghuaiseacha nua de réir mar a tharlaíonn siad agus taifead ar bhearta rialúcháin nua a sainaithníodh agus a cuireadh i bhfeidhm | | |
| • cruinnithe rialta den choiste sábháilteachta más ann dó | | |
| • athbhreithniú ar thimpistí agus tarluithe contúirteacha d'fhonn ceachtanna a fhoghlaim, gníomhartha ceartúcháin agus iarchúram do na daoine a bhí páirteach | | |
| • monatóireacht ar shocruithe teagaisc, oiliúna agus maoirseachta de réir na riachtanas oiliúna a sainaithníodh? | | |
| An áirítear leis an ráiteas sábháilteachta cur síos ar conas a chuireann an scoil athbhreithniú iomlán tréimhsiúil i gcrích dá bainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa? | | |

CUID B

# Innéacs de Cheisteanna Coitianta (CCanna)


Innéacs de Cheisteanna Coitianta (CCanna) 30

Reachtaíocht agus Treoir 33

Dualgais faoin Reachtaíocht 35

Rólanna, Dualgais agus Freagrachtaí 39

Ráiteas Sábháilteachta agus Measúnú Riosca 41

Conraitheoirí (Foirgníocht) 47

Imscrúdú agus Tuairisciú ar Thimpistí 48

Tuilleadh Eolais agus Tacaíochta 52

Cuid B

# Innéacs de Cheisteanna Coitianta (CCanna)

Seo a leanas liosta reatha de cheisteanna coitianta a n-aimseoidh tú freagraí orthu ar líne i limistéar na dTreoirlínte ar **www.hsa.ie/education**. Uasdátófar iad agus cuirfear leo in imeacht ama.

## Reachtaíocht agus Treoir

**C 1. Cad é an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005?**

**C 2. Cad iad na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 go 2016?**

**C 3. An gcuimsítear riachtanais leasa faoin reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta?**

**C 4. Cad is duine inniúil ann?**

**C 5. Cad iad na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003?**

**C 6. An bhfuil bunús dlí leis na Treoirlínte seo ar Bhainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa in Iar-Bhunscoileanna?**

**C 7. An mbaineann na Treoirlínte le gach fostaí sa scoil?**

**C 8. An bhfuil an phleanáil sábháilteachta, sláinte agus leasa ina cuid d'fhéinmheastóireacht agus pleanáil na scoile?**

## Dualgais faoin Reachtaíocht

**C 9. Céard is brí leis an téarma 'fostóir'?**

**C 10. Céard is brí leis an téarma 'fostaí'?**

**C 11. Cé atá freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú i scoileanna?**

**C 12. Céard iad dualgais an Bhoird Bainistíochta/BOO mar fhostóir faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005?**

**C 13. Céard iad dualgais na bhfostaithe/na foirne ag an obair?**

**C 14. Cén dualgas cúraim atá ar an mBord Bainistíochta/BOO mar fhostóir?**

**C 15. Cad is 'faillí' ann?**

**C 16. Céard is dliteanas ionadach ann?**

**C 17. Céard iad dualgais an Bhoird Bainistíochta/BOO faoin Acht um Dhliteanas Áititheoirí 1995?**

**C 18. Dealraíonn sé go bhfuil an-chuid dlíthe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas. An bhfuil ar scoil a bheith saineolach ar gach gné de?**

## Rólanna, Dualgais agus Freagrachtaí

**C 19.** **Cad iad na freagrachtaí ar stiúrthóirí agus bainisteoirí sinsearacha maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre?**

**C 20.** **An bhfuil ar scoil oifigeach sábháilteachta a cheapadh nó a ainmniú (mar shampla an Príomhoide) leis an tsábháilteacht a bhainistiú thar ceann an Bhoird Bainistíochta/BOO?**

**C 21.** **An bhfuil sé éigeantach de réir dlí coiste sábháilteachta a bheith ann?**

**C 22.** **Cén ról atá ag ionadaí sábháilteachta san ionad oibre?**

**C 23.** **Cé a roghnaíonn an t-ionadaí sábháilteachta?**

**C 24.** **An féidir le hionadaí sábháilteachta a bheith freagrach os comhair an dlí as aon tograí sábháilteachta a chur i bhfeidhm?**

**C 25.** **An ndéanann ionadaí sábháilteachta iniúchtaí san ionad oibre?**

## Ráiteas Sábháilteachta agus Measúnú Riosca

**C 26.** **Cad é ráiteas sábháilteachta?**

**C 27.** **Cé atá freagrach as ráiteas sábháilteachta a ullmhú?**

**C 28.** **Céard ar cheart aghaidh a thabhairt air i ráiteas sábháilteachta na scoile?**

**C 29.** **Céard is beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa ann?**

**C 30.** **Céard is brí leis an téarma 'guais?'**

**C 31.** **An bhfuil cineálacha difriúla guaiseacha ann?**

**C 32.** **Cad a tharlaíonn má shainaithním guais agus mura ndéanaim beart ar bith ina leith?**

**C 33.** **Céard is brí leis an téarma 'riosca?'**

**C 34.** **Cad é Measúnú Riosca?**

**C 35.** **Céard is brí leis na téarmaí 'rialúcháin/bearta rialúcháin?'**

**C 36.** **Cad iad prionsabail ghinearálta an choisc agus conas a d'fhéadfaí iad sin a chur i bhfeidhm sa scoil?**

**C 37.** **Cé hiad na daoine ar gá breithniú orthu sna measúnuithe riosca?**

**C 38.** **Cé chomh minic ar chóir ráiteas sábháilteachta scoile a scríobh nó a athcheartú?**

**C 39.** **Mar mhúinteoir, an féidir liom measúnú riosca a chur i gcrích do mo sheomra ranga?**

**C 40.** **Cé chomh minic ar chóir aird na foirne a tharraingt ar an ráiteas sábháilteachta?**

**C 41.** **Ar chóir gníomhaíochtaí lasmuigh de láithreán na scoile a chuimsiú sna measúnuithe riosca (mar chuid den ráiteas sábháilteachta), m.sh. turais scoile, turais allamuigh, turais thar lear?**

**C 42.** **Úsáideann roinnt grúpaí ár n-áitreabh san oíche nó le linn an deireadh seachtaine. Ar chóir dúinn a ngníomhaíochtaí a chuimsiú sna measúnuithe riosca (mar chuid den ráiteas sábháilteachta)?**

C 43. Ar chóir don Bhord Bainistíochta/BOO dul i gcomhairle leis an bhfoireann maidir le hábhar agus le cur i gcrích an ráitis sábháilteachta?

C 44. Ar chóir don Bhord Bainistíochta/BOO dul i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le daltaí sula ndéanfar ráiteas sábháilteachta a dhréachtú?

## Conraitheoirí (Foirgníocht)

C 45. An mbíonn ráiteas sábháilteachta ag teastáil uaim ó gach conraitheoir a thagann isteach sa scoil?

C 46. Cén dualgas atá ar scoil má fhostaíonn sí conraitheoir le hobair thógála a chur i gcrích?

## Imscrúdú agus Tuairisciú ar Thimpistí

C 47. Céard iad na príomhchúiseanna atá le timpistí i scoileanna?

C 48. Cad é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus cad a dhéanann sé?

C 49. Cé atá freagrach as timpistí a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta?

C 50. Cad iad na cineálacha timpistí ar gá a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta?

C 51. Conas ar chóir timpistí a thuairisciú?

C 52. An gá do scoil taifead a choinneáil ar gach timpiste agus tarlú contúirteach?

C 53. Céard iad na timpistí a bhaineann le neamhoibrithe (m.sh. daltaí, cuairteoirí, fostaithe fiontair eile) atá intuairiscithe don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta?

C 54. Cad í an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus cad a dhéanann sí?

C 55. Cad iad na teagmhais ar chóir a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát?

C 56. Má tá tuairisc á déanamh agam ar thimpiste céard ba chóir dom a thaifeadadh?

C 57. Cén fáth gur gá dom timpistí a imscrúdú?

## Tuilleadh Eolais agus Tacaíochta

C 58. Cad iad na pleananna ar chóir don scoil a dhéanamh le haghaidh fostaithe faoi mhíchumas?

C 59. Tá téacs sna comharthaí sábháilteachta sa scoil againn. An bhfuil sé sin ceart?

C 60. Cad a tharlaíonn má aimsítear rud éigin atá cearr sa scoil agam ag cigire an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta?

C 61. Cén oiliúint/ionduchtú ar chóir don scoil a chur ar fáil do mhúinteoirí nua, lena n-áirítear múinteoirí ionadaíocha, a d'fhéadfadh a bheith ag obair sa scoil ar feadh roinnt laethanta?

C 62. Cén áit ar féidir liom tuilleadh eolais, comhairle agus acmhainní a fháil?

C 63. An gá beartas iompair a bheith sa scoil againn?

C 64. An bhfuil gaol ann idir an curaclam a mhúintear agus an ráiteas sábháilteachta?

Cuid B

# CEISTEANNA COITIANTA (CCANNA)

Gheobhaidh tú iad sin ar líne freisin ag **www.hsa.ie/education**

## Reachtaíocht agus Treoir

### C1. Cad é an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005?

**F.** Tugtar sonraí san *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005* ar conas ar chóir an tsábháilteacht, an tsláinte agus an leas a bhainistiú agus soiléirítear ann freagrachtaí na bhfostóirí, na ndaoine féinfhostaithe, na bhfostaithe agus páirtithe éagsúla eile maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an obair. Tugtar sonraí san Acht freisin ar ról agus ar fheidhmeanna an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, déantar foráil ann le haghaidh réimse beart forfheidhmithe agus luaitear pionóis ann a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm toisc sárú a bheith déanta ar rialacha sábháilteachta, sláinte agus leasa ceirde. Is Acht údaraithe é an tAcht agus dá bhrí sin is féidir rialacháin nua a chur leis ó am go ham.

Tá Acht 2005 ar fáil ar **www.hsa.ie** faoi 'Reachtaíocht'

### C2. Cad iad na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 go 2016?

**F.** Tugadh na rialacháin sin isteach in ionad mórán seanrialachán a bhaineann le gach ionad oibre agus déanann siad na seanrialacháin a shimpliú agus a leasú chun dáta. Ciallaíonn an téarma "feidhm ghinearálta" go mbaineann na codanna agus na hailt éagsúla le gach cineál fostaíochta lena n-áirítear scoileanna. Leagtar amach sna rialacháin na ceanglais a bhaineann le láimhsiú ualaí, le leictreachas, le torann, le crith, le garchabhair, srl.

Baineann na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) leis na nithe seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| An t-ionad oibre | Leictreachas | Obair oíche agus sealobair |
| Úsáid trealaimh oibre | Obair ar airde | Comharthaí sábháilteachta ag ionaid oibre |
| Trealamh cosanta pearsanta (TCP) Cosaint leanaí agus daoine óga | Cosaint fostaithe torracha, iarbhreithe agus atá ag cothú cíche | Láimhsiú |
| Torann ag an obair a rialú | Garchabhair | Trealamh scáileáin taispeána |
| Crith ag an obair a rialú | Atmaisféar pléasctha ag ionaid oibre | |

Tá sraith iomlán na Rialachán ar fáil ag **www.hsa.ie** faoi 'Reachtaíocht'. Tá na Treoirlínte maidir leis na Rialacháin ar fáil ag **www.hsa.ie/publications** faoin gcatagóir 'Rialacháin Feidhme Ginearálta'.

## C3. An gcuimsítear riachtanais leasa faoin reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta?

**F.** Cuimsítear riachtanais ghinearálta san ionad oibre faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 – Caibidil 1 de Chuid 2: An tIonad Oibre. Ní mór don Bhord Bainistíochta/BOO, mar an fostóir, a chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais ábhartha mar a achoimrítear faoi na Rialacháin sin iad, lena n-áirítear na cinn maidir le:

- hionad oibre glan sláinteach a choinneáil
- háiseanna feiliúnacha chun suite (ag brath ar an gcineál gníomhaíochta oibre)
- háiseanna feiliúnacha chun béilí a chaitheamh
- soláthar uisce óil
- seomraí agus spásanna scíthe
- háiseanna sláintíochta agus níocháin
- seomraí feistis agus taisceadáin (de réir an chineál gníomhaíochta oibre atá i gceist)
- fostaithe torracha, iarbhreithe agus atá ag cothú cíche
- fostaithe faoi mhíchumas

Baineann na forálacha sin go sonrach le fostóirí agus fostaithe ag ionad oibre. Áirítear leis sin gach ball foirne atá ag obair i bhforas oideachais. Is féidir treoir ghinearálta maidir le Caibidil 1 de Chuid 2: Ionad Oibre a fháil ar **www.hsa.ie**

Tá Treoirlínte agus Caighdeáin Theicniúla a bhaineann le hIar-Bhunscoileanna, mar shampla maidir le háiseanna sláintíochta, ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna **www.education.ie**

## C4. Cad is duine inniúil ann?

**F.** De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, measfar gur duine inniúil duine más rud é, ag féachaint don tasc a éilítear air nó uirthi a chomhlíonadh agus ag cur i gcuntas méid nó guaiseacha (nó iad araon) an ghnóthais nó na bunaíochta ina ngabhann sé nó sí obair de láimh, go bhfuil ag an duine dóthain oiliúna, taithí agus eolais atá cuí do chineál na hoibre atá le gabháil de láimh.

## C5. Cad iad na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003*?

**F.** Déantar foráil san Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 do bhunú údarás dóiteáin, d'eagrú seirbhísí dóiteáin, do shábháilteacht dóiteáin, do chomhrac dóiteáin, do dhaoine agus do réadmhaoin a chosaint agus a tharrtháil agus do chúrsaí gaolmhara.

Tá cumhachtaí éagsúla iniúchta agus forfheidhmithe ag na húdaráis dóiteáin maidir le bearta coisctheachta dóiteán/sábháilteachta sna foirgnimh atá ann cheana féin lena n-áirítear scoileanna. Faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981, is ar an úinéir/áititheoir atá 'dualgas cúraim' maidir le sábháilteacht dóiteáin i bhfoirgnimh.

Déantar foráil in Acht Seirbhísí Dóiteáin 2003 do cheadúnú imeachtaí faoi dhíon agus déantar an tAcht Seirbhísí Dóiteáin 1981 a leasú ann.

*Is féidir teacht ar an Acht Seirbhísí Dóiteáin ar **www.irishstatutebook.ie**

## C6. An bhfuil bunús dlí leis na Treoirlínte seo ar Bhainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa in Iar-Bhunscoileanna?

**F.** Ní doiciméad dlíthiúil é seo, ach cabhraíonn na Treoirlínte seo le scoileanna chun a ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh faoi Acht 2005. An aidhm atá leis na Treoirlínte seo ná cúnamh praiticiúil a sholáthar do Bhoird Bhainistíochta/BOO maidir le bainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa. Cabhraíonn na Treoirlínte leis na Boird Bhainisteoireachta/BOO agus Acht 2005 agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta á dtuiscint agus á léirmhíniú acu, agus cabhraíonn siad freisin le fostaithe chun a ndualgais dhlíthiúla faoin Acht a chomhlíonadh.

## C7. An mbaineann na Treoirlínte le gach fostaí sa scoil?

**F.** Baineann. Baineann an tsábháilteacht le gach duine. Faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, tá dualgais ar fhostóirí, ar fhostaithe, ar dhaoine atá i gceannas ar ionaid oibre, ar dhearthóirí, ar dhéantóirí, ar allmhaireoirí agus ar sholáthraithe earraí agus substaintí. Is é an Bord Bainisteoireachta/BOO atá freagrach go ginearálta as an ráiteas sábháilteachta. Is gá d'fhostóirí de réir dlí comhoibriú leis an mBord Bainisteoireachta/BOO sa phróiseas bainistíochta sábháilteachta agus sláinte. Tá múinteoirí i gceannas ar a gcuid gníomhaíochta oibre sa seomra ranga, sa tsaotharlann, sa cheardlann srl. ina mbíonn daltaí á múineadh acu agus cuirtear de dhualgas orthu dá bhrí sin páirt ghníomhach a ghlacadh i mbainistiú sábháilteachta agus sláinte sna réimsí sin.

## C8. An bhfuil an phleanáil sábháilteachta, sláinte agus leasa ina cuid d'fhéinmheastóireacht agus pleanáil na scoile?

**F.** Tá an phleanáil chun sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú go héifeachtach ina bunchuid de phleanáil agus féinmheastóireacht na scoile. Tá an phleanáil le haghaidh sábháilteachta, sláinte agus leasa, mar atá leagtha amach sna Treoirlínte seo, i gcomhréir leis an tsamhail phleanála agus féinmheastóireachta a úsáidtear sa chuid is mó d'iar-bhunscoileanna.

# Dualgais faoin Reachtaíocht

## C9. Céard is brí leis an téarma 'fostóir'?

**F.** Chun críocha na dTreoirlínte seo, tá an téarma 'fostóir' curtha in ionad ag 'Bord Bainistíochta/BOO'. Aon áit a luaitear 'fostóir', tuigeadh an léitheoir gur 'Bord Bainistíochta/BOO' atá i gceist. Leagtar amach sainmhíniú den téarma fostóir in Alt 2(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 mar seo a leanas:

maidir le "fostóir", i ndáil le fostaí—

(a) ciallaíonn sé an duine lena bhfuil conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí nó dá n-oibríonn an fostaí faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, lena raibh conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí nó dár oibrigh an fostaí faoi chonradh fostaíochta),

(b) folaíonn sé duine (seachas fostaí de chuid an duine sin) a n-oibríonn fostaí faoina rialú agus faoina stiúradh, agus

(c) folaíonn sé, más cuí, comharba an fhostóra nó fostóir comhlachaithe de chuid an fhostóra;

## C10. Céard is brí leis an téarma 'fostaí'?

**F.** Chun críocha na dTreoirlínte seo, tá an téarma 'fostaí/fostaithe' curtha in ionad ag 'foireann' i mórán cásanna. Aon áit a luaitear 'fostaí/fostaithe', tuigeadh an léitheoir gur 'foireann' atá i gceist. Leagtar amach sainmhíniú den téarma fostaí i Roinn 2(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 mar seo a leanas:

ciallaíonn "fostaí" duine a bhfuil conradh fostaíochta déanta aige nó aici nó a oibríonn faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, a rinne conradh fostaíochta nó a d'oibrigh faoi chonradh fostaíochta) agus folaíonn sé fostaí téarma shocraithe agus fostaí sealadach agus déanfar tagairtí, i ndáil le fostóir, d'fhostaí a fhorléiriú mar thagairtí d'fhostaí atá ar fostú ag an bhfostóir sin;

## C.11 Cé atá freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú i scoileanna?

**F.** In Éirinn, is é Bord Bainistíochta na scoile, nó más scoil BOO atá i gceist, Bord Oideachais agus Oiliúna féin, mar fhostóir, atá freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas a gcuid fostaithe ag an obair agus as sábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre na scoile i gcion orthu a áirithiú a mhéid agus is féidir.

Is féidir leis an mBord Bainistíochta/BOO dualgais a tharmligean chuig fostaithe le go bhfeidhmeoidh siad ar a shon. Is féidir le príomhoidí, príomhoidí tánaisteacha agus daoine eile feidhmeanna ginearálta agus sainiúla a ghlacadh chun sábháilteacht, sláinte agus leas sa scoil a bhainistiú ó lá go lá, mar is cuí leis an mBord Bainistíochta/BOO. Is ar an mBord Bainistíochta/BOO, áfach, atá an fhreagracht deiridh maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas.

Tá páirt le glacadh ag gach duine sa scoil chun dea-chleachtais sábháilteachta, sláinte agus leasa a chur chun cinn san ionad scoile; daltaí, cuairteoirí agus conraitheoirí san áireamh. Leagtar síos riachtanais shainiúla d'fhostóirí agus d'fhostaithe sa reachtaíocht bhunaithe maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas agus i ndualgais chúraim faoin dlí coiteann chomh maith.

## C12. Céard iad dualgais an Bhoird Bainistíochta/BOO mar fhostóir faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005?

**F.** Tá líon dualgas faoi Acht 2005 ar an mBord Bainistíochta/BOO, mar fhostóir. Déantar tagairt dóibh siúd mar *Dhualgais Ghinearálta Fostóra* agus achoimrítear iad faoi Alt 8 den Acht.

Chomh maith leis sin, féach CC Uimh. 14

## C13. Céard iad dualgais na bhfostaithe/na foirne ag an obair?

**F.** De réir Achta 2005 is gá do gach fostaí (lena n-áirítear fostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha, buana agus sealadacha, beag beann ar aon socruithe fostaíochta nó conartha atá acu) comhoibriú go huile agus go hiomlán leis an bhfostóir le go mbunófaí beartais sábháilteachta, sláinte agus leasa cuí, go gcuirfí i bhfeidhm iad agus go gcloífí leo.

Áirítear le dualgais fostaithe ag an obair:

- aire a thabhairt, a mhéid agus is féidir, chun a s(h)ábháilteacht, sláinte agus leas féin a chosaint, agus sábháilteacht, sláinte agus leas aon duine eile a bhfhéadfadh a c(h)uid gníomhaíochtaí agus easnamh ag an obair dul i gcion orthu a chosaint freisin
- comhoibriú lena f(h)ostóir nó le haon duine eile a mhéid agus is gá chun go bhféadfaidh a f(h)ostóir nó an duine eile sin na forálacha reachtúla ábhartha a chomhlíonadh (eadhon Acht 2005);
- freastal ar chúrsaí oiliúna agus teagasc a fháil maidir le ceartúsáid earraí agus trealaimh;
- trealamh cosanta pearsanta (TCP) nó éadach cosantach a chuirtear ar fáil dá s(h)ábháilteacht a úsáid;
- tuairisc a thabhairt dá f(h)ostóir a luaithe agus is féidir maidir le:
    - haon obair atá á cur i gcrích a d'fhéadfadh é/í féin nó daoine eile a chur i mbaol
    - haon locht san áit oibre, sa chóras oibre, nó maidir le haon earra nó substaint a d'fhéadfadh é/í féin nó daoine eile a chur i mbaol
    - haon rud a sháraíonn na forálacha reachtúla ábhartha go bhfios dó/di é
    - gan dul i mbun aon iompar míchuí nó iompraíocht chontúirteach.

## C14. Cén dualgas cúraim atá ar an mBord Bainistíochta/BOO mar fhostóir?

**F.** Tá bunphrionsabal faoin dlí coiteann á fhorbairt ag na cúirteanna thar na blianta go mbeidh dualgas dlíthiúil ar gach fhostóir sa Stát, bíodh sé/sí san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach, timpeallacht oibre shábháilte a chur ar fáil d'fhostaithe. Is é atá sa dualgas sábháilteacht fostaithe ag an obair a áirithiú, a mhéid is indéanta. Ní dualgas iomlán é timpistí a chosc agus más féidir a chruthú gur glacadh gach cúram réasúnta iad a chosc, seachnófar an dliteanas. Tugtar dualgas cúraim an fhostóra nó dliteanas an fhostóra air seo.

Miondealaítear dualgas cúraim an fhostóra i gceithre cuid de ghnáth:

- ionad oibre sábháilte, a mhéid is indéanta, a áirithiú
- gléasra agus trealamh sábháilte, a mhéid is indéanta, a áirithiú
- córais oibre shábháilte, a mhéid is indéanta, a áirithiú
- foireann atá meabhrach ar shábháilteacht (inniúil*), a mhéid agus is féidir

De bhreis ar chúram réasúnach d'fhostaithe a éileamh ó fhostóirí, d'fhorbair na cúirteanna prionsabal comhchosúil chun daoine nach fostaithe iad a chosaint freisin, cibé an cuairteoirí ón bpobal, conraitheoirí, daltaí nó tuismitheoirí/caomhnóirí iad. Tugtar dliteanas poiblí ar an réimse seo den dlí.

*Féach an sainmhíniú ar *Inniúlacht* faoi Reachtaíocht agus Treoir, CCanna Uimh. 4: Cad is duine inniúil ann.

## C15. Cad is 'faillí' ann?

**F.** An sainmhíniú ginearálta a thugtar ar fhaillí ná gníomh a dhéanfadh duine réasúnta a fhágáil gan déanamh, nó gníomh nach ndéanfadh duine stuama nó réasúnta a dhéanamh. Tá ceithre ghné ag faillí.

Is iad sin:

- dualgas cúraim
- sárú an dualgais sin: nuair is faoi bhun 'caighdeán cúraim' áirithe atá na gníomhartha/ neamhghníomhartha
- damáiste: caithfidh gur fhulaing an duine atá ag déanamh agartha caillteanas nó gortú iarbhír;
- cúisíocht: ní mór gaol cúisíoch a bheith idir an sárú dualgais (an bealach a ghníomhaigh an duine) agus an damáiste a baineadh den duine atá ag déanamh agartha.

## C16. Céard is dliteanas ionadach ann?

**F.** Is éard atá ann ná nuair atá fostóir freagrach as gníomhartha nó neamhghníomhartha fostaí le linn a gcuid fostaíochta, cibé an bhfuil an fostaí sin ina n-ionad oibre nó in áit eile. Is é rialúchán an ghné is tábhachtaí, agus chomh maith leis sin, ní mór go raibh an fostaí ag obair faoi raon a c(h)uid dualgas ag an am a tharla an gníomh nó neamhghníomh. Ciallaíonn sin, go héifeachtach, go bhfuil an Bord Bainistíochta/BOO freagrach as gníomhartha/neamhghníomhartha a mhúinteoirí, a airíoch srl. i gcásanna sibhialta nuair a tharlaíonn gortú nó breoiteacht de bharr a gcuid gníomhartha nó neamhghníomhartha ag an obair. Go ginearálta, nuair a ghníomhaíonn fostaí agus é/í ag an obair thar raon a c(h)uid fostaíochta, mar shampla ar dhóigh choiriúil, níl an fostóir faoi dhliteanas ionadach.

## C17. Céard iad dualgais an Bhoird Bainistíochta/BOO faoin Acht um Dhliteanas Áititheoirí 1995*?

**F.** Leagan an tAcht um Dhliteanas Áititheoirí 1995 amach freagrachtaí áititheoir an áitribh. Tá cuid mhaith de chásanna dlíthíochta sibhialta a bhaineann le gortuithe triú páirtí bunaithe ar an reachtaíocht seo. Sainmhínítear áititheoir mar dhuine/mar chomhlacht atá i gceannas ar an áitreabh agus i gcás scoileanna, is é an Bord Bainistíochta/BOO atá freagrach as timpistí nó drochshláinte a eascraíonn as staid nó riocht áitreabh na scoile. Leagann an tAcht um Dhliteanas Áititheoirí 1995 dualgais ar áititheoirí maidir le trí chatagóir iontrálaithe: cuairteoirí (lena n-áirítear tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí, srl.), úsáideoirí áineasa agus lucht treaspáis.

- Cuairteoir – iontrálaí, seachas úsáideoir áineasa, atá i láthair san áitreabh ar chuireadh ón áititheoir nó le cead an áititheora. I gcás scoileanna, d'áireofaí leis an gcatagóir "cuairteoir", daltaí atá i láthair ar áitreabh na scoile le linn gnáthuaireanta scoile, múinteoirí nó fostaithe eile nó conraitheoirí íoctha nó tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Úsáideoir áineasa – iontrálaí atá i láthair san áitreabh, le cead an áititheora nó gan cead an áititheora chun gabháil do ghníomhaíocht áineasa, gan táille seachas táille i leith áiseanna páirceála carranna a íoc.
- Treaspásóir – iontrálaí seachas úsáideoir áineasa nó cuairteoir.

**Cuairteoir**

Tá sé de dhualgas, maidir le cuairteoirí, cibé cúram is réasúnach sna himthosca go léir a ghlacadh chun a chinntiú nach mbainfidh gortú nó damáiste do chuairteoir agus dá réadmhaoin de bhíthin aon chontúirte atá ann sa scoil. Caithfidh cuairteoir, áfach, cúram a ghlacadh i leith a shábháilteachta nó a sábháilteachta féin agus monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar dhuine ar bith faoi chúram aige nó aici. Comhaontuithe nó fógraí ar bith atá curtha ar taispeáint ag an áititheoir, caithfidh siad a bheith réasúnach sna himthosca go léir agus caithfear aird an chuairteora a tharraingt orthu.

**Úsáideoir áineasa agus treaspásóir**

Is é an dualgas a dhlitear i leith úsáideoirí áineasa agus treaspásóirí gan an duine a ghortú nó gan damáiste a dhéanamh do réadmhaoin an duine go hintinneach agus gan neamhaird a thabhairt go meargánta ar an duine nó ar réadmhaoin an duine.

Is féidir teacht ar an **Acht um Dhliteanas Áititheoirí 1995* ar **www.irishstatutebook.ie**

## C18. Dealraíonn sé go bhfuil an-chuid dlíthe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas. An bhfuil ar scoil a bheith saineolach ar gach gné de?

**F.** I dtéarmaí praiticiúla, tá cóineasú dlí reachtúil agus dlí choitinn ann. Leagtar an phríomhbhéim san fhorbairt sin ar an dearcadh gurb é dualgas an fhostóra gach cúram réasúnach a ghlacadh, ag féachaint do gach riosca intuartha, ar mhaithe le sábháilteacht agus folláine fostaí nó aon duine eile atá faoina stiúradh nó faoina rialúchán. Má chomhlíonann scoileanna na dlíthe reachtúla a bhfuil rochtain níos éasca orthu sé sin *(An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005)* ansin, ar an mórgóir, laghdófar teagmhais, rud a laghdóidh riosca agus dlíthíocht fhéideartha sa deireadh.

# Rólanna, Dualgais agus Freagrachtaí

## C19. Cad iad na freagrachtaí ar stiúrthóirí agus bainisteoirí sinsearacha maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre?

**F.** Tá freagrachtaí níos mó ar fhostóirí anois faoi alt 80 d'Acht 2005 maidir le "Dliteanas Stiúrthóirí agus Oifigeach Gnóthas" ina n-éilítear orthu a bheith i riocht chun a thaispeáint go ndearna siad sábháilteacht agus sláinte a n-oibrithe a bhainistiú go réamhghníomhach.

Braitheann dliteanais stiúrthóirí agus oifigeach gnóthas faoi Acht 2005 ar ról an bhoird agus na foirne bainistíochta sinsearaí araon sa ghnóthas. D'fhéadfaí breithniú ar Bhoird Bhainistíochta/BOO, príomhoidí agus, i roinnt cásanna, múinteoirí nó baill foirne eile, mar stiúrthóirí nó oifigigh ghnóthais. De ghnáth, socraíonn an príomhoide gnáthbhainistiú, gnáthrialú agus gnáthstiúradh na scoile ó lá go lá. Ní mór don phríomhoide, le tacaíocht ó phríomhoide(í) tánaisteach(a) agus i roinnt cásanna ó fhoireann bainistíochta sinsearach na treoracha straitéiseach ginearálta a leanúint maidir le bainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa mar atá leagtha amach ag an mBord Bainistíochta/BOO. Caithfidh an príomhoide socrú freisin conas sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre a bhainistiú sa scoil agus tá sé/sí freagrach as a chinntiú go leanfar dea-chleachtais.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil in "Treoir do Stiúrthóirí agus do Bhainisteoirí Sinsearacha maidir lena bhFreagrachtaí le haghaidh Sábháilteachta agus Sláinte san Ionad Oibre", ar fáil ag **www.hsa.ie/publications**.

## C20. An bhfuil ar scoil oifigeach sábháilteachta a cheapadh nó a ainmniú (mar shampla an Príomhoide) leis an tsábháilteacht a bhainistiú thar ceann an Bhoird Bainistíochta/BOO?

**F.** Níl aon cheanglas dlíthiúil ar scoileanna oifigeach sábháilteachta a cheapadh. Sa chuid is mó de na scoileanna, glacann an Príomhoide an ról sin thar a ceann.

Nuair a chinntear sa scoil, áfach, go ndéanfar oifigeach sábháilteachta a cheapadh chun an tsábháilteacht a bhainistiú thar ceann an Bhoird Bainistíochta/BOO, caithfear a bheith sásta go bhfuil an duine sin inniúil* don ról.

D'fhéadfaí gnáthfheidhmeanna an oifigigh sábháilteachta a tharmligean nó d'fhéadfadh ball foirne eile gníomhú mar oifigeach sábháilteachta nuair is gá. Ní féidir an fhreagracht ghinearálta le haghaidh bainistithe sábháilteachta, sláinte agus leasa a tharmligean áfach. Fanann sin leis an mBord Bainistíochta/BOO. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoir le freagracht áirithe dul i mbun roinnt feidhmeanna de chuid an oifigigh sábháilteachta ach fanann an fhreagracht leis an oifigeach agus fanann an fhreagracht ghinearálta le haghaidh sábháilteachta, sláinte agus leasa sa scoil leis an mBord Bainistíochta/BOO.

*Féach an sainmhíniú ar inniúlacht faoi Reachtaíocht agus Treoir, CCanna Uimh. 4: Cad is duine inniúil ann?

## C21. An bhfuil sé éigeantach de réir dlí coiste sábháilteachta a bheith ann?

**F.** Níl. Cuirtear comhairle ar fáil sna Treoirlínte seo go bhféadfadh sé a bheith cuí coiste sábháilteachta a bhunú sa scoil chun maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil, ar oibriú agus ar bhainistiú ráiteas sábháilteachta na scoile. Ní ceanglas dlíthiúil é sin áfach.

## C22. Cén ról atá ag ionadaí sábháilteachta san ionad oibre?

**F.** Is é ról an ionadaí sábháilteachta ionadaíocht a dhéanamh do chomhghleacaithe (lena n-áirítear baill foirne nach múineann) i gcomhairle leis an bhfostóir maidir le cúrsaí a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas. D'fhéadfadh an t-ionadaí sábháilteachta dul i gcomhairle leis an bpríomhoide nó leis an mBord Bainistíochta/BOO agus uiríll a dhéanamh leo maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhaineann le fostaithe sa scoil. Mar chuid den chomhairliúchán sin d'fhéadfaí baint a bheith leis an gcoiste sábháilteachta.

Ní bhaineann dualgais ar bith leis an ionadaí sábháilteachta ach baineann roinnt feidhmeanna leis/léi. Is í an phríomhfheidhm ná comhairliúchán. D'fhéadfadh an t-ionadaí sábháilteachta dul i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta/BOO agus uiríll a dhéanamh leo maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhaineann le gach ball foirne sa scoil. Tá an ceart ag an ionadaí sábháilteachta, tar éis fógra réasúnta a thabhairt don lucht bainistíochta, iniúchadh a dhéanamh ar an scoil go léir nó ar chuid di. Ba chóir é sin a dhéanamh faoi sceideal comhaontaithe agus a bheith bunaithe ar nádúr agus fairsinge na nguaiseacha sa scoil. Tá an ceart ag an ionadaí sábháilteachta freisin iniúchadh a dhéanamh láithreach tar éis timpiste nó tarlú contúirteach nó nuair a bhíonn garbhaol ann.

Cuirtear chun cinn sna Treoirlínte seo lánpháirtíocht an ionadaí sábháilteachta i gcoiste sábháilteachta na scoile.

*Tá leabhar Acmhainní d'Ionadaithe Sábháilteachta* ar fáil ar **www.hsa.ie/publications**.

## C23. Cé a roghnaíonn an t-ionadaí sábháilteachta?

**F.** Tá foireann uile na scoile (i.e. foireann teagaisc agus neamhtheagaisc, bhuan agus shealadach) i dteideal ionadaí sábháilteachta a roghnú agus a cheapadh chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh i gcomhairliúcháin leis an bhfostóir maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa san ionad oibre acu.

## C24. An féidir le hionadaí sábháilteachta a bheith freagrach os comhair an dlí as aon tograí sábháilteachta a chur i bhfeidhm?

**F.** Ní féidir. Níl dualgas ar bith (i gcomórtas le feidhmeanna) ar an ionadaí sábháilteachta faoi Acht 2005 seachas na dualgais a bhaineann le múinteoirí agus leis an bhfoireann go ginearálta. Dá bhrí sin, ionadaí sábháilteachta a ghlacann le togra an luchta bainistíochta chun déileáil le ceist sábháilteachta nó sláinte, ní féidir míniú a iarraidh go dlíthiúil ar an ionadaí sin as an togra a chur i bhfeidhm.

## C25. An ndéanann ionadaí sábháilteachta iniúchtaí san ionad oibre?

**F.** D'fhéadfadh ionadaí sábháilteachta, tar éis fógra réasúnta a thabhairt don Bhord Bainistíochta/ BOO/phríomhoide, iniúchadh a dhéanamh ar an scoil go léir nó ar chuid di, chomh minic agus a eagraítear leis an lucht bainistíochta nó de réir sceidil a eagraítear leo roimh ré. D'fhéadfadh an t-ionadaí iniúchadh a dhéanamh láithreach freisin i gcás timpiste, tarlú contúirteach nó garchontúirte nó nuair a bhíonn sábháilteacht, sláinte agus leas duine ar bith i mbaol. D'fhéadfadh sé/sí iniúchadh a dhéanamh freisin ar thimpistí nó ar tharluithe contúirteacha ar an gcoinníoll nach gcuirfeadh sé nó sí isteach ar fheidhmíocht dualgais reachtúil ar bith nó bac léi, ar gá do dhuine ar bith a chomhlíonadh faoi cheann ar bith de na forálacha ábhartha reachtúla.

# Ráiteas Sábháilteachta agus Measúnú Riosca

## C26. Cad é ráiteas sábháilteachta?

**F.** Is doiciméad scríofa beo é ráiteas sábháilteachta a leagann amach gealltanas na scoile maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne (teagaisc agus neamh-theagaisc) a chosaint ag an obair agus sábháilteacht agus sláinte daoine eile a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar gníomhaíochtaí oibre sa scoil – lena n-áirítear cuairteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí – a chosaint freisin. Sa ráiteas sábháilteachta, cuimsítear beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa na scoile agus measúnú riosca cuimsitheach. Achoimríonn an ráiteas sábháilteachta conas a bhainistítear an tsábháilteacht sa scoil agus tá sé ina chuid de chóras bainistithe iomlán na scoile. Cuimsítear ann struchtúr na scoile, gníomhaíochtaí pleanála, cleachtais, nósanna imeachta agus acmhainní chun sábháilteacht, sláinte agus leas a chur i bhfeidhm agus a chothú.

Is dlúthchuid í an phleanáil sa chinntiú go mbeidh fíor-rath ar na hiarrachtaí sláinte agus sábháilteachta. Áirítear leis spriocanna a shocrú, na rioscaí a mheas, rialúcháin a chur i gcrích agus cultúr sábháilteachta a fhorbairt.

## C27. Cé atá freagrach as ráiteas sábháilteachta a ullmhú?

**F.** Tá an Bord Bainistíochta/BOO freagrach as a chinntiú go n-ullmhaítear ráiteas sábháilteachta cruinn le haghaidh na scoile. Caithfidh an Bord Bainistíochta/BOO, mar fhostóir, ráiteas scríofa a bheith aige ina luaitear conas a dhéanfar sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne agus úsáideoirí uile na scoile a bhainistiú agus a chinntiú. Tugann na Treoirlínte seo na teimpléid faisnéise do scoileanna chun ráiteas sábháilteachta a ullmhú, a dhréachtadh agus a chur i gcrích.

## C28. Céard ar cheart aghaidh a thabhairt air i ráiteas sábháilteachta na scoile?

**F.** Tá na bunúis dhlíthiúla atá leis na réimsí ar chóir a bheith clúdaithe ag an ráiteas sábháilteachta sonrach agus tá siad leagtha amach faoi Ailt 19 agus 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Liostaítear iad thíos. Tá siad mar na ceannteidil rannáin freisin den Seicliosta Ráitis Sábháilteachta ar leathanach 22 de Chuid A de na Treoirlínte seo.

Ba chóir aghaidh a thabhairt ar na réimsí seo a leanas:

1. Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa
2. Próifíl na Scoile
3. Acmhainní le Cur i bhFeidhm
4. Rólanna agus Freagrachtaí
5. Measúnú Riosca
6. Gnásanna Éigeandála
7. Teagasc, Oiliúint agus Maoirseacht
8. Cumarsáid agus Comhairliúchán
9. Monatóireacht, Athbhreithniú agus Uasdátú

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil in 'Treoir maidir le Measúnuithe Riosca agus le Ráitis Shábháilteachta' atá ar fáil ag **www.hsa.ie/publications**.

## C29. Céard is beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa ann?

**F.** Tosaíonn gach ráiteas sábháilteachta le dearbhú, sínithe ar leibhéal na hardbhainistíochta thar ceann an Bhoird Bainistíochta/BOO. An beartas sábháilteachta agus sláinte a thugtar air seo go minic. Déantar gealltanas sa dearbhú chun a áirithiú go mbeidh an t-ionad oibre chomh sábháilte agus chomh sláintiúil a mhéid is indéanta agus go gcomhlíonfar na ceanglais reachtúla ar fad. Tugann an dearbhú seo creat d'fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú agus liostaíonn sé spriocanna ábhartha. Is féidir cóip den bheartas sábháilteachta, sláinte agus leasa a choimeád ar taispeáint in áit fheiceálach phoiblí den scoil. Tá beartas samplach sábháilteachta, sláinte agus leasa ar leathanach 8 de Chuid A de na Treoirlínte agus tá sé ar fáil ar líne ag **www.hsa.ie/education**.

## C30. Céard is brí leis an téarma 'guais?'?

**F.** Is éard is guais ann ná rud ar bith a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do dhaoine, do réadmhaoin nó don timpeallacht. Is féidir le hábhar oibre, píosa trealaimh nó modh nó cleachtas oibre a bheith i gceist.

## C31. An bhfuil cineálacha difriúla guaiseacha ann?

**F.** Tá. D'fhéadfaí guaiseacha a chatagóiriú mar seo a leanas:

- guaiseacha fisiceacha, m.sh. láimhsiú, sciorradh, tuisliú nó titim, leictreachas, dóiteán
- guaiseacha sláinte, m.sh. torann, deannaigh dhíobhálacha, leibhéil mhí-oiriúnacha soilsithe, crith;
- guaiseacha ceimiceacha, m.sh. gliúnna, tuaslagóirí, ruaimeanna, oibreáin glantacháin
- guaiseacha bitheolaíochta, m.sh. úiris, baictéir
- guaiseacha tosca daonna, m.sh. strus, bulaíocht, foréigean

## C32. Cad a tharlaíonn má shainaithním guais agus mura ndéanaim beart ar bith ina leith?

**F.** Tá sé de dhualgas ar fhostaí faoi Acht 2005 a thuairisciú don fhostóir aon locht san ionad oibre, sna córais oibre, in aon earra nó substaint a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas ag an obair, i gcás fostaí nó aon duine eile, a chur i gcontúirt.

Caithfidh Boird Bhainistíochta/BOO gach rud atá "indéanta le réasún" a dhéanamh chun an riosca san ionad oibre a rialú. Má tá eolas acu ar riosca agus mura ndéanann siad aon rud faoi, d'fhéadfaí Acht 2005 a bheith á shárú acu.

## C33. Céard is brí leis an téarma 'riosca?'

**F.** Is ionann riosca agus an dóchúlacht atá ann, bíodh sí beag nó mór, go ndéanfadh guais díobháil do dhuine éigin, chomh maith le déine na díobhála a fhulaingítear. Bíonn riosca de réir líon na ndaoine a d'fhéadfadh a bheith nochta don ghuais chomh maith.

## C34. Cad é Measúnú Riosca?

**F.** Próiseas 3-chéim atá i measúnú riosca:

**Céim 1** Aithin an ghuais

**Céim 2** Déan measúnú ar an riosca i gcomhréir leis an nguais

**Céim 3** Sainaithin bearta rialúcháin cuí agus cuir i bhfeidhm iad chun an riosca a dhíchur nó a laghdú

Dá réir sin, ní mó don fhostóir ráiteas sábháilteachta scríofa a ullmhú, é a athbhreithniú agus a uasdátú go tráthrialta nó má tharlaíonn aon athruithe suntasacha, mar ghléasra agus trealamh nua, athruithe foirne, nó leaganacha amach agus gnásanna sábháilteachta nua.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil in 'Treoir maidir le Measúnuithe Riosca agus le Ráitis Shábháilteachta' atá ar fáil ag **www.hsa.ie/publications**.

## C35. Céard is brí leis na téarmaí 'rialúcháin/bearta rialúcháin?'

**F.** Is iad rialúcháin/bearta rialúcháin na bearta cosantacha a ghlactar mar réamhchúram chun a áirithiú go ndíchurfar nó go laghdófar an riosca go suntasach. Is cuid riachtanach den phróiseas measúnaithe riosca bearta rialúcháin a shainaithint agus a chur i gcrích.

## C36. Cad iad prionsabail ghinearálta an choisc agus conas a d'fhéadfaí iad sin a chur i bhfeidhm sa scoil?

**F.** Cuirtear ar fáil i bPrionsabail Ghinearálta an Choisc (a imlínítear i Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005) modheolaíocht chun déileáil le cosc timpistí. Caithfidh an Bord Bainistíochta/BOO na prionsabail sin a chur san áireamh agus na bearta sábháilteachta, sláinte agus leasa is gá á gcur i bhfeidhm sa scoil.

I measc na naoi bprionsabal tá:

1. Rioscaí a sheachaint
2. Rioscaí dosheachanta a mheas
3. Oibriú in aghaidh rioscaí ag a mbun
4. Obair a chur in oiriúint don duine
5. An t-ionad oibre a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil
6. Earraí sábháilte, substaintí sábháilte nó córais oibre shábháilte nó nach bhfuil chomh contúirteach sin a thabhairt isteach in ionad earraí contúirteacha, substaintí contúirteacha nó córais oibre chontúirteacha
7. Tosaíocht a thabhairt do bhearta comhchoiteanna cosanta thar bhearta cosanta aonair
8. Beartas coisctheach leordhóthanach a fhorbairt maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair, ina gcuirtear san áireamh teicneolaíocht, eagrú oibre, dálaí oibre, tosca sóisialta agus tionchar na dtosca a bhaineann leis an timpeallacht oibre
9. Oiliúint agus treoracha cuí a thabhairt d'fhostaithe.

## C37. Cé hiad na daoine ar gá breithniú orthu sna measúnuithe riosca?

**F.** Caithfear breithniú ar na daoine go léir a úsáideann áiseanna na scoile agus measúnú riosca á dhéanamh agat. I measc na ndaoine sin tá:

- an fhoireann teagaisc - an bhuanfhoireann agus an fhoireann shealadach, an fhoireann ionadaíoch agus an fhoireann faoi oiliúint
- an fhoireann neamhtheagaisc - an fhoireann riaracháin, airíochais, glantacháin agus lónadóireachta
- oibrithe conartha mar ghlantóirí
- daltaí lena n-áirítear daltaí atá ar cuairt
- tuismitheoirí/caomhnóirí
- cainteoirí atá ar cuairt
- díoltóirí, daoine seachadta agus oibrithe cothabhála atá ar cuairt
- baill den phobal

## C38. Cé chomh minic ar chóir ráiteas sábháilteachta scoile a scríobh nó a athcheartú?

**F.** Caithfidh ráiteas sábháilteachta a bheith bainteach i gcónaí le himthosca reatha na scoile agat. Ba chóir athcheartú a dhéanamh air go bliantúil ar a laghad nó nuair a tharlaíonn athruithe suntasacha, amhail trealamh nó córais nua a thabhairt isteach.

## C39. Mar mhúinteoir, an féidir liom measúnú riosca a chur i gcrích do mo sheomra ranga?

**F.** Cinnte. Seans go n-iarrfaidh an Príomhoide ort measúnú riosca a chur i gcrích do do sheomra ranga. Tá sé seo dóchúil toisc gur tú is fearr d'fhonn é sin a dhéanamh – is tú a dhéanann an obair agus is tú an duine leis an gcleachtadh is mó ar do sheomra ranga agus na gníomhaíochta a dhéantar ann. Is tú is dóchúla a bheadh feasach ar na guaiseacha agus ag déileáil leo ar bhonn laethúil. Is féidir na teimpléid measúnaithe riosca a chuirtear ar fáil leis na Treoirlínte seo a úsáid chun cabhrú leis an bpróiseas sin.

Cuimhnigh is é an Bord Bainistíochta/BOO ag a bhfuil an fhreagracht ghinearálta d'fhonn cinntiú go bhfuil ráiteas sábháilteachta (áirítear leis sin na measúnuithe riosca) cothrom le dáta i bhfeidhm agus gníomhach.

## C40. Cé chomh minic ar chóir aird na foirne a tharraingt ar an ráiteas sábháilteachta?

**F.** Ba chóir go mbeadh an ráiteas sábháilteachta ar fáil i gcónaí don fhoireann. Ba chóir aird na mball foirne uile a tharraingt air ar bhonn bliantúil agus ba chóir athcheartuithe tábhachtacha a chur in iúl dóibh. Ba chóir aird daoine eile a tharraingt ar shliochtaí ábhartha den ráiteas sábháilteachta freisin a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí oibre sa scoil cur isteach orthu. Ba chóir go mbeadh córas i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeadh gach páirtí ábalta an ráiteas a rochtain go héasca agus go rialta. Ba chóir athruithe ar an ráiteas a chur in iúl go fonnmhar agus go forleathan. Ba chóir do bhaill foirne nua an ráiteas a léamh nuair a thosaíonn siad ar an obair.

Ba chóir aird na foirne ionadaíocha agus sealadaí a tharraingt ar gach alt ábhartha den ráiteas sábháilteachta.

## C41. Ar chóir gníomhaíochtaí agus imeachtaí lasmuigh de láithreán na scoile a chuimsiú sna measúnuithe riosca (mar chuid den ráiteas sábháilteachta), m.sh. turais scoile, turais lae, turais thar lear?

**F.** Ba chóir. Ba chóir measúnuithe riosca a dhéanamh le haghaidh na ngníomhaíochtaí scoile go léir a tharlaíonn sa scoil agus lasmuigh den champas. I measc na ngníomhaíochtaí seo tá imeachtaí spóirt, turais allamuigh agus turais scoile.

Ba chóir do scoileanna measúnú riosca scríofa a dhréachtadh maidir le 'turais scoile'. Ba chóir é seo a chur san áireamh sa ráiteas sábháilteachta. Meastar gur dea-chleachtas é beartas turas scoile a bheith ann atá bunaithe ar an measúnú riosca inar chóir sonraí a chur san áireamh maidir leis na cleachtais agus na nósanna imeachta a bhaineann le pleanáil agus le cur i gcrích turas scoile. Is féidir é sin a chur san áireamh sa ráiteas sábháilteachta.

Agus an measúnú riosca á dhéanamh, ba chóir aird ar leith a thabhairt freisin ar nádúr agus ar chineál na dturas scoile. Thairis sin, ba chóir a chur san áireamh sa ráiteas sábháilteachta inniúlacht na múinteoirí agus/nó na mball foirne eile agus turais scoile á bpleanáil agus á gcur i gcrích. Moltar don mhúinteoir i gceannas ar thurais scoile athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú riosca agus é a leasú chun dáta nuair is gá. Ba chóir a chinntiú go bhfuil próiseas leordhóthanach i bhfeidhm i scoileanna chun measúnú inniúil a dhéanamh ar rioscaí nua nó ar rioscaí éiritheacha mar a thagann siad chun cinn i gcúrsa gníomhaíochtaí.

## C42. Úsáideann roinnt grúpaí ár n-áitreabh san oíche nó le linn an deiridh seachtaine. Ar chóir dúinn a ngníomhaíochtaí a chuimsiú sna measúnuithe riosca (mar chuid den ráiteas sábháilteachta)?

**F.** Ba chóir, caithfear gach gníomhaíocht a dhéantar ar réadmhaoin na scoile nó thar ceann na scoile a dhéanamh go sábháilte agus caithfear aon ghuaiseacha a shainaithint sa ráiteas sábháilteachta agus plé leo. Ba chóir an Bord Bainistíochta/BOO a chur ar an eolas faoi úsáid na scoile ag tríú páirtí agus cead a fháil uathu. Ba chóir comhaontú foirmeálta simplí a chur i bhfeidhm a leagann amach freagrachtaí an dá pháirtí go soiléir maidir le bainistiú eastáit. Mar úinéir réadmhaoine, tá dualgas cúraim ar an scoil i leith na ndaoine a thagann isteach ina háitreabh/ina háiseanna.

Caithfidh nósanna imeachta agus rialúcháin a bheith i bhfeidhm ag an mBord Bainistíochta/BOO chun a chinntiú go ndéanfar gach gníomhaíocht ar bhealach sábháilte agus go gcloífear le forálacha cuí reachtúla sábháilteachta.

## C43. Ar chóir don Bhord Bainistíochta/BOO dul i gcomhairle leis an bhfoireann maidir le hábhar agus le cur i gcrích an ráitis sábháilteachta?

**F.** Caithfidh lucht bainistíochta na scoile dul i gcomhairle roimh ré agus in am trátha sula ndéanfar aon rud san ionad oibre a d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith aige ar shábháilteacht agus ar shláinte. Caithfear na nithe seo a leanas a chuimsiú sa chomhairliúchán:

- ullmhú ráiteas sábháilteachta na scoile nó an tionchar air;
- coisc ar rioscaí agus bearta coisctheacha ar bith;
- an fhoireann a cheapadh ar a bhfuil freagrachtaí sábháilteachta agus sláinte agus dualgais na foirne seo;
- torthaí na measúnuithe riosca;
- timpistí nó tarluithe contúirteacha infhógartha;
- pleanáil, eagrú agus oiliúint sábháilteachta agus sláinte;
- teicneolaíochtaí nó trealamh nua a thabhairt isteach.

Tabhair do d'aire: Má bunaíodh coiste sábháilteachta sa scoil, d'fhéadfaí é a úsáid don chomhairliúchán sin

## C44. Ar chóir don Bhord Bainistíochta/BOO dul i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le daltaí sula ndéanfar ráiteas sábháilteachta a dhréachtú?

**F.** Baineann an tsábháilteacht sna scoileanna le gach duine a úsáideann an scoil agus is fearr cur chuige comhchoiteann agus comhairliúcháin. D'fhéadfadh scoil cinneadh a dhéanamh chun dul i gcomhairle le hionadaithe tuismitheoirí agus le daltaí maidir le hábhar agus le cur i bhfeidhm an ráitis sábháilteachta. D'fhéadfaí a bheith i gceist anseo cruinniú idir an coiste sábháilteachta agus ionadaithe Chumann na dTuismitheoirí/na gCaomhnóirí nó ionadaithe chomhairle na ndaltaí. Ní gá é seo a dhéanamh de réir dlí, áfach, faoin reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa.

## C45. An mbíonn ráiteas sábháilteachta ag teastáil uaim ó gach conraitheoir a thagann isteach sa scoil?

**F.** Is ceanglas dlíthiúil é atá leagtha amach san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 gur gá d'fhostóir a dhéanann conradh le fostóir eile chun seirbhísí a chur ar fáil dó/di éileamh ar an bhfostóir sin ráiteas sábháilteachta suas chun dáta a bheith aige/aici.

Dá bhrí sin, caithfidh an Bord Bainistíochta/BOO a dhéanann conradh le fostóir nó le duine féinfhostaithe eile chun seirbhísí a chur ar fáil sa scoil, a chinntiú go bhfuil ráiteas sábháilteachta suas chun dáta ag an bhfostóir/duine féinfhostaithe sin.

Tabhair do d'aire: is féidir le conraitheoir foirgníochta a bhfuil 3 fostaí nó níos lú aige/aici glacadh le Cód Cleachtais (CC) an USS le haghaidh Conraitheoirí Foirgníochta a bhfuil triúr fostaí nó níos lú acu. Nuair a úsáideann siad an Cód Cleachtais sin, cuirtear ar a gcumas a gceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh maidir le ráiteas sábháilteachta a bheith acu. Faoi láthair, níl ach Cód Cleachtais Foirgníochta ann. Caithfidh gach conraitheoir eile ráiteas sábháilteachta a bheith aige/aici de réir gnáthcheanglais treorach.

## C46. Cén dualgas atá ar scoil má fhostaíonn sí conraitheoir le hobair thógála a chur i gcrích?

**F.** Nuair atá obair thógála á cur i gcrích i scoil, beidh dualgais uirthi mar Chliant faoi na Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair (Tógáil). Áirítear leis na dualgais sin:

- dearthóirí agus conraitheoirí inniúla a cheapadh
- Maoirseoirí inniúla Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha (MTPD) agus le haghaidh Chéim na Foirgníochta (MTCF) a cheapadh nuair:
  - atá níos mó ná aon chonraitheoir páirteach sa tionscadal
  - gur sceidealaíodh go mairfeadh an obair níos mó ná 30 lá (nó 500 daonlá), nó
  - tá riosca ar leith i gceist
- an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a chur ar an eolas má sceidealaíodh go mairfeadh an obair níos mó ná 30 lá (nó 500 daonlá) – féach Foirm AF1 (atá ar fáil ar **www.hsa.ie** faoi 'Foilseacháin agus Foirmeacha').

Tá tuilleadh faisnéise agus treorach maidir le dualgais Conraitheoirí agus Cliant ar fáil ag **www.hsa.ie**

## C47. Céard iad na príomhchúiseanna atá le timpistí i scoileanna?

**F.** Tugann an fhianaise le fios go dtarlaíonn formhór na dtimpistí i scoileanna de bharr sciorradh, tuisliú nó titim, láimhsiú agus teagmháil le hinnealra agus trealamh.

## C48. Cad é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus cad a dhéanann sé?

**F.** Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (USS) comhlacht náisiúnta na hÉireann atá freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chinntiú. Comhlacht neamhspleách is ea é, a bunaíodh faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus déanann sé tuairisciú don Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Tá freagracht fhoriomlán ar an Údarás maidir le riaradh agus le forfheidhmiú sláinte agus sábháilteacht cheirde ag an obair in Éirinn, chomh maith leis an reachtaíocht ceimiceán contúirteach. Bíonn monatóireacht ar siúl ag an Údarás chun a chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht san ionad oibre agus is féidir leis bearta forfeidhmithe (agus fiú ionchúisimh) a dhéanamh. Is iad príomhfheidhmeanna an Údaráis sábháilteacht, sláinte agus leas ag an ionad oibre a chur chun cinn, eolas agus comhairle shaineolaíoch a chur ar fáil d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe, rialacháin, treoirlínte agus beartais nua a mholadh, agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta sábháilteachta agus sláinte ceirde agus ceimiceán agus é sin a chur i bhfeidhm.

## C49. Cé atá freagrach as timpistí a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta?

**F.** I scoil, tá an Bord Bainistíochta/BOO (fostóir) freagrach as timpistí a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

I gcás ball foirne (fostaithe) áirítear leis sin:

- Bás baill foirne (fostaí) más mar thoradh ar thimpiste ag an obair atá sé. D'fhéadfaí gur tharla an timpiste ag d'ionad oibre nó ag ionad oibre fostóra eile, nó i suíomh seachas an gnáthionad oibre.
- gortú aon bhaill foirne (fostaí) mar thoradh ar thimpiste ag an obair nuair atá sé mar thoradh ar an ngortú an duine gan a bheith in ann gnáthobair a dhéanamh ar feadh níos mó ná trí lá as a chéile, gan lá na timpiste san áireamh. (Agus na laethanta á n-áireamh, ba chóir deirí seachtaine agus laethanta neamh-oibre eile a chur san áireamh.)

Ní mór don Bhord Bainistíochta/BOO tuairisiciú freisin nuair a fhaigheann ball foirne bás mar thoradh ar thimpiste ag an obair laistigh de bhliain amháin ón timpiste sin, fiú má tuairiscíodh cheana é.

## C50. Cad iad na cineálacha timpistí ar gá a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta?

**F.** Níl ach gortuithe marfacha agus neamh-mharfacha intuairiscithe. Níl galair, tinnis cheirde nó aon laguithe reachta mheabhraigh intuairiscithe.

- Leanann gortuithe meabhracha mar shuaitheadh nó scéin mar thoradh díreach ar ionsaí de bheith intuairiscithe. Ní mór timpistí marfacha a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta láithreach. Ina dhiaidh sin, ba chóir an tuairisc fhoirmeálta a chur faoi bhráid an Údaráis laistigh de chúig lá oibre ón mbás.
- Ba chóir timpistí neamh-mharfacha nó tarluithe contúirteacha a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta laistigh de dheich lá oibre ón teagmhas.
- Caithfear gortuithe aon fhostaí mar thoradh ar thimpiste ag an obair nuair atá sé mar thoradh ar an ngortú an duine gan a bheith in ann a gnáthdhualgais oibre a dhéanamh ar feadh níos mó ná trí lá as a chéile, gan lá na timpiste san áireamh, a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

## C51. Conas ar chóir timpistí a thuairisciú?

**F.** Ba chóir timpistí agus tarluithe contúirteacha a thuairisciú trí úsáid a bhaint as an gcóras tuairiscithe ar líne ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta **www.hsa.ie**. D'fhonn cóipeanna crua den Fhoirm Tuairiscithe Timpistí a fháil, téigh i dteagmháil leis an Aonad Teagmhála don Ionad Oibre san Údarás, glaoch áitiúil 1890 289 389 nó r-phost **wcu@hsa.ie**

## C52. An gá do scoil taifead a choinneáil ar gach timpiste agus tarlú contúirteach?

**F.** Caithfidh an scoil taifid a choimeád de na timpistí agus de na tarluithe contúirteacha go léir a tharlaíonn ar feadh tréimhse deich mbliana ó dháta an teagmhais. Is féidir na taifid a choinneáil san fhormáid chéanna inar rinneadh an tuairisc – is é sin le rá, is leor cóip den tuairisc a cuireadh faoi bhráid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta leis an oibleagáid a chomhlíonadh.

Agus taifid á gcoinneáil nó á bpróiseáil, go háirithe sonraí pearsanta a bhaineann leis an duine aonair, ní mór na ceanglais faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh. Féach **https://www.dataprotection.ie** agus **http://gdprandyou.ie/**

## C53. Céard iad na timpistí a bhaineann le neamhoibrithe (m.sh. daltaí, cuairteoirí, fostaithe fiontair eile) atá intuairiscithe don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta?

**F.** Tá na timpistí seo a leanas a bhaineann le neamhoibrithe intuairiscithe:

- bás duine nach fostaí den scoil é/í, agus nach bhfuil ag an obair, ach a fhaigheann bás de bharr timpiste a eascraíonn as gníomhaíocht oibre ag an ionad oibre.
- gortú duine nach fostaí den scoil é/í, agus nach bhfuil ag an obair ach a ghortaítear de bharr gníomhaíochta oibre má b'éigean an duine gortaithe a thabhairt ó shuíomh na timpiste d'fhonn cóireáil a fháil maidir leis an ngortú sin in ospidéal nó i saoráid leighis.

Chun críocha na Rialúchán, d'fhéadfaí go n-áireofaí le saoráid leighis, saoráid cúraim phríomhúil, clinic cúraim leighis, nó saoráid leighis ag ionad oibre ina bhfuil lia-chleachtóir cláraithe ag obair.

Mar shampla, **tá** na timpistí seo a leanas intuairiscithe:

- sciorrann agus titeann cuairteoir chuig an scoil ar urlár fliuch nuair atá an t-airíoch ag mapáil suas doirteadh, agus ciallaíonn méid an ghortaithe gur gá iad a thabhairt in otharcharr nó i bhfeithicil eile chuig ospidéal nó saoráid leighis do chóireáil ó lia-chleachtóir cláraithe.

- sáraíonn an mhúch dalta ag an scoil a éalaíonn trí thimpiste le linn triail eolaíochta. Tugtar an duine ón áit chuig an ospidéal agus cuireann lia-chleachtóir cláraithe cóireáil air/uirthi.

Má thuislíonn dalta, áfach, i gclós na scoile agus go ngortaítear é/í, **níl** sé sin intuairiscithe don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Má thuislíonn dalta le linn rang corpoideachais agus gur gá é/í a thabhairt ó shuíomh na timpiste d'fhonn cóireáil a fháil i leith an ghortaithe sin in ospidéal nó saoráid leighis, tá sé sin intuairiscithe don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Breathnaítear ar thurais scoile mar ghníomhaíocht oibre na scoile.

## C54. Cad í an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus cad a dhéanann sí?

**F.** Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000, tarmligeadh ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) bainistíocht a dhéantar ar éilimh gortaithe pearsanta agus díobhála réadmhaoine in aghaidh an Stáit agus ar na rioscaí bunúsacha. Agus na feidhmeanna seo á ndéanamh ag an NTMA, tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) uirthi.

Leagtar amach san Acht dhá chuspóir le haghaidh na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát:

- éilimh a bhainistiú ionas go bhféadfar a chinntiú go gcoimeádfar dliteanas an Stáit agus na costais dhlíthiúla ghaolmhara agus costais ghaolmhara eile ag an leibhéal is ísle agus is féidir; agus

- seirbhísí comhairliúcháin riosca a chur ar fáil do na húdaráis Stáit chun minicíocht agus déine na n-éileamh a laghdú le himeacht ama. I gcomhthéacs na dTreoirlínte seo, cuimsítear pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha i sainchúram na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát. **www.stateclaims.ie**.

Cuireann An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát seirbhís bainistithe riosca ar fáil do Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha. Má tá Scoil Phobail is Chuimsitheach éiginnte cibé an bhfuil slánaíocht Stáit i gceist nó go dteastaíonn treoir bainistithe riosca, téigh i dteagmháil leis an Rannóg Bainistíochta Riosca Fiontair trí r-phost: **stateclaims@ntma.ie**

## C55. Cad iad na teagmhais ar chóir a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát?

**F.** Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000, cuirtear de cheangal ar phobalscoileanna agus ar scoileanna cuimsitheacha gach teagmhas a thuairisciú go pras don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus aon imscrúdú ina dhiaidh sin a éascú.

D'fhonn tuilleadh treorach a fháil maidir le céard iad na teagmhais ba chóir a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, féach ar shuíomh gréasáin Chumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha (CSPC) ag an nasc seo: **www.accs.ie**.

D'fhonn cúnamh a fháil maidir le tuairisciú teagmhas don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, téigh i dteagmháil leis an Rannóg Bainistíochta Riosca Fiontair trí r-phost: **stateclaims@ntma.ie**

## C56. Má tá tuairisc á déanamh agam ar thimpiste céard ba chóir dom a thaifeadadh?

**F.** Tá sé tábhachtach agus is dea-chleachtas é na timpistí go léir a thaifeadadh a tharlaíonn sa scoil nó le linn gníomhaíochta ar bith a bhaineann leis an scoil. Caithfidh an scoil a chinntiú go ndéanfar athbhreithniú ar an eolas atá leagtha amach sa tuairisc ar an timpiste agus go gcuirfear bearta rialaithe i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar timpiste dá samhail a sheachaint sa todhchaí.

Ina theannta sin, caithfear a shainaithint i gcóras tuairiscithe timpiste na scoile an ceanglas chun timpistí áirithe a thuairisciú don árachóir, don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus i gcás pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha, don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

Ina theannta sin, má tá imeachtaí sibhialta ann, tá sé tábhachtach an t-eolas fíorasach go léir a bheith taifeadta agat d'fhonn cabhrú le himscrúdú ar an gcás. Is féidir an liosta seo thíos a úsáid mar threoir chun a chinntiú go mbailítear an t-eolas is gá. Caithfear a chur san áireamh san eolas seo:

- dáta an teagmhais
- am an teagmhais
- an duine gortaithe nó an duine a bhí i gceist agus na sonraí teagmhála ábhartha a thaifeadadh
- na finnéithe agus na sonraí teagmhála ábhartha a thaifeadadh
- sonraí na gníomhaíochta a bhí á déanamh nuair a tharla an teagmhas
- suíomh na háite inar tharla an teagmhas agus fianaise ghrianghrafadóireachta nó pleananna an limistéir más cuí sin
- imthosca an teagmhais - cur síos mionsonraithe agus cúis na timpiste
- na gortuithe a fulaingíodh
- an chóir leighis a tugadh amach, m.sh. an gharchabhair
- na seirbhísí éigeandála a bhí i gceist nó a glaodh chuig láthair na timpiste
- sonraí trealaimh agus taifid seirbhíse an trealaimh sin i gcás go raibh baint aige leis an timpiste
- sonraí an duine a chuir an timpiste in iúl, an t-am, an dáta

## C57. Cén fáth gur gá dom timpistí a imscrúdú?

**F.** Is céim thábhachtach é imscrúdú maidir le cinntiú go bhfoghlaimeofar ceachtanna ó thimpiste agus go ndéantar gníomh/artha ceartaithe d'fhonn limistéar a dhéanamh sábháilte agus, ar an gcaoi sin, an fhéidearthacht go dtarlódh an timpiste arís a laghdú.

Ba chóir don Bhord Bainistíochta/BOO duine inniúil a cheapadh (an t-oifigeach sábháilteachta go hiondúil má cheapadh é/í) chun imscrúdú a dhéanamh ar na teagmhais agus ar na timpistí go léir. Ba chóir do leibhéal an imscrúdaithe teacht le déine na tarlúna nó na timpiste. Ba chóir faisnéis maidir le himscrúduithe a dhoiciméadú agus a choinneáil ar taifead. Is féidir an liosta thíos a úsáid mar threoir ar conas imscrúdú a dhéanamh agus cad atá le taifeadadh:

- athbhreithnigh páipéarachas
- tabhair cuairt ar shuíomh na tarlúna, agus doiciméadaigh a bail srl.
- leithlisigh an láthair/trealamh
- glac grianghraf den limistéar
- agallaimh agus plé le daoine/páirtithe atá páirteach
- d'fhéadfaí ionchur ó shaineolaithe ábhair freisin bheith ina chabhair.

Ba cheart go ndéanfadh conclúidí na n-imscrúduithe eolas d'aon ghníomh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach mar mheasúnuithe riosca a uasdátú, trealamh a dheisiú, oiliúint/teagasc srl.

## C58. Cad iad na pleananna ar chóir don scoil a dhéanamh le haghaidh fostaithe faoi mhíchumas?

**F.** Luaitear san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 gur gá d'fhostóirí *"a mhéid is indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chinntiú do na fostaithe go léir".*

Luaitear i Rialachán 25 de na Rialacháin um Fheidhm Ghinearálta - Fostaithe faoi mhíchumas - go n-áiritheoidh *"fostóir go n-eagrófar áiteanna oibre, más gá, le daoine faoi mhíchumas ag an obair a chur i gcuntas, go háirithe maidir le doirse, pasáistí, staighrí, cithfholcadáin, báisíní níocháin, leithris agus stáisiúin oibre a mbaineann na daoine sin úsáid dhíreach astu".* Clúdaítear rochtain in 'Cuid M – Rochtain agus Úsáid' de na Rialacháin Tógála arna bhfoilsiú ag An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Éilíonn na rialacháin athcheartaithe Chuid M: *"Déanfar socruithe leordhóthanacha do dhaoine foirgneamh, a áiseanna agus a phurláin a rochtain agus a úsáid".*

Is féidir tuilleadh eolais a aimsiú in 'Fostaithe faoi Mhíchumas - Treoir fostóra maidir le cleachtais ionchuimsitheacha sábháilteachta agus sláinte a chur i bhfeidhm le haghaidh fostaithe faoi mhíchumas', ar fáil ó **www.hsa.ie** faoi 'Fhoilseacháin'. Tá tuilleadh eolais ar cheisteanna míchumais le fáil ón Údarás Náisiúnta Míchumais **www.nda.ie**

Beidh an próiseas sin feiliúnach do riachtanais na ndaltaí agus aon chuairteoirí eile faoi mhíchumas ar an scoil. Is féidir an mheasúnacht ar riachtanais mhíchumais do dhaltaí a dhéanamh le cabhair ó phlean cúraim an dalta i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus an dochtúir ginearálta.

## C59. Tá téacs sna comharthaí sábháilteachta sa scoil againn. An bhfuil sé sin ceart?

**F.** Leagann na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007-2016 amach na ceanglais maidir le comharthaí sábháilteachta in ionaid oibre.

Níor chóir téacs a úsáid má tá an chiall soiléir trí phicteagram nó siombail a úsáid ina (h)aonar. Má tá gá le míniú téacs (m.sh. dá bhféadfadh amhras a bheith ann faoi chiall siombaile), ba chóir clár comhartha forlíontach ar a bhfuil téacs cuí a chur ar fáil. Is féidir an clár comharthaí forlíontach sin a chrochadh ar an "iompróir" céanna. Caithfear faisnéis agus teagasc a sholáthar d'fhostaithe maidir le bearta le déanamh agus ciall na gcomharthaí.

## C60. Cad a tharlaíonn má aimsítear rud éigin atá cearr sa scoil agam ag cigire an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta?

**F.** Ag brath ar thromchúiseacht an tsáraithe ar reachtaíocht, d'fhéadfadh cigire ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta roinnt beart difriúil a dhéanamh, faoina rogha féin. I measc na mbeart seo tá gníomhaíochtaí cainte nó scríofa. D'fhéadfadh Cigire:

- Tuairisc Chigireachta a thabhairt don duine i gceannas le linn na cigireachta a leagann amach sáruithe ar na dlíthe ábhartha agus réimsí inar féidir feabhsuithe a dhéanamh. Ní mór don fhostóir obair feabhais a dhéanamh bunaithe ar na sáruithe ar tharraing an Cigire aird orthu.

- Fógra Feabhsúcháin a sheirbheáil ar an bhfostóir ina léirítear tuairim an Chigire gur sháraigh an fostóir foráil Achta nó Rialacháin agus ina n-éilítear go dtabharfaí aghaidh ar an sárú laistigh de thréimhse áirithe ama nach lú ná 14 lá.

- Fógra Toirmisc a sheirbheáil nuair atá an Cigire den tuairim gur dóchúil go mbainfeadh riosca gortaithe thromchúisigh pearsanta d'aon duine le gníomhaíocht. Téann an fógra sin i bhfeidhm láithreach agus tá d'éifeacht aige an gníomhaíocht oibre dainséarach a stopadh go dtí go ndéantar oibreacha fheabhais chun na rioscaí a dhíchur

- iarratas a dhéanamh 'ex parte' chun na hArd-Chúirte d'fhonn ordú idirbhreitheach a lorg faoi Alt 71 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 d'fhonn gníomhaíochtaí oibre a shrianadh nó a thoirmeasc ag cuid d'ionad oibre nó de ar fad.

## C61. Cén oiliúint/ionduchtú ar chóir don scoil a chur ar fáil do mhúinteoirí nua, lena n-áirítear múinteoirí ionadaíocha, a d'fhéadfadh a bheith ag obair sa scoil ar feadh roinnt laethanta?

**F.** Ba chóir eolas a thabhairt do mhúinteoirí ionadaíocha agus sealadacha agus do bhaill foirne shealadacha eile maidir le nósanna imeachta sábháilteachta, sláinte agus leasa sa scoil. Áirítear leis an eolas sin nósanna imeachta aslonnaithe agus tuairiscithe, chomh maith le hábhair shábháilteachta ar leith, a bhaineann le réimse ábhair agus le hionad oibre an mhúinteora, m.sh. measúnuithe riosca a bhaineann lena réimse oibre/seomra ranga.

## C62. Cén áit ar féidir liom tuilleadh eolais, comhairle agus acmhainní a fháil?

**F.** Tá acmhainní iomadúla ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta **www.hsa.ie** nó **www.hsa.ie/education**, lena n-áirítear foilseacháin in-íoslódáilte, faisnéis ar thimpistí agus tuairisciú timpistí, agus treoir agus faisnéis maidir le topaicí tábhachtacha sláinte agus sábháilteachta. Is acmhainn deisce cabhrach é le haghaidh fostóirí, fostaithe agus an phobail an tAonad Teagmhála Ionad Oibre de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Déan teagmháil leis an Aonad Teagmhála Ionad Oibre ag: glaoch áitiúil: 1890 289 389 nó r-phost: **wcu@hsa.ie**

D'fhorbair Aonad Oideachais an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta réimse cúrsaí ríomhfhoghlama do scoileanna. Tá na gearrchúrsaí seo a leanas ar fáil, saor in aisce ar **https://hsalearning.ie**.

Is féidir le Boird Bhainistíochta/BOO a eagrú go ndéanfadh grúpaí fostaithe nó daltaí réimse cúrsaí a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte. Seiceáil an réimse cúrsaí anseo.

- Bunchúrsa maidir le Sábháilteacht a Bhainistiú i Scoileanna
- Sábháilteacht le haghaidh múinteoirí sa Seomra Ranga Teicneolaíochta
- Sábháilteacht le haghaidh múinteoirí sa tSaotharlann Eolaíochta
- “Bí Sábháilte, Oibrigh go Sábháilte” le haghaidh daltaí idirbhliana/shraith na sinsear

- Sciorradh, Tuisliú nó Titim san Ionad Oibre
- Ag bainistiú Gearáin Bhulaíochta san Ionad Oibre (do Bainisteoirí)
- Sábháilteacht Ceimiceán san Ionad Oibre (Bunleibhéal agus Leibhéal 2)
- Gearrchúrsa le haghaidh Ionadaithe Sábháilteachta

Dírítear an clár de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta Roghnaigh Sábháilteacht ar dhaltaí sa tsraith shinsearach agus daltaí breisoideachais. Ceapadh é le daltaí a thabhairt isteach ar choincheapa na sábháilteachta, sláinte agus leasa ag an obair agus is ullmhúchán é do shocrúcháin oibre agus do shaol na hoibre. Tá sé ar fáil do gach iar-bhunscoil saor in aisce. Féach **www.hsa.ie/education** le haghaidh tuilleadh faisnéise nó seol r-phost chuig **educationunit@hsa.ie**.

Is féidir le pobalscoileanna agus le scoileanna cuimsitheacha dul i gcomhairle freisin ar 01-664 0900 le hAonad Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, le haghaidh comhairle agus treorach maidir le bainistíocht riosca sábháilteachta agus sláinte.

D'fhéadfaí eolas ábhartha a aimsiú freisin ar an suíomh Gréasáin seo a leanas: **www.stateclaims.ie**. Suíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna: **www.education.ie**.

## C63. An gá beartas iompair a bheith sa scoil againn?

**F.** D'fhéadfaí beartas ar leith a fhorbairt sa scoil a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus le sábháilteacht iompair. D'fhéadfaí plean bainistíochta tráchta a fhorbairt chun sábháilteacht níos fearr a chinntiú do dhaltaí, don fhoireann agus d'úsáideoirí eile na scoile.

Is féidir prótacal sábháilteachta ar bhóithre a chur i bhfeidhm le haghaidh na scoile, a dhíríonn ar na ceisteanna seo a leanas (más infheidhme):

- clár sábháilteachta ar bhóithre a chur ar fáil do na daltaí go léir mar chuid den churaclam
- limistéir shábháilte bailithe agus tuirlingthe a chur ar fáil do charranna agus do bhusanna a thugann daltaí go dtí an scoil agus uaithi arís
- conairí ainmnithe do choisithe atá scartha go soiléir ó fheithiclí
- ionad slán agus sábháilte a chur ar fáil le haghaidh rothar
- tionscnaimh tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh maidir le daltaí a bheith ag siúl/ag rothaíocht ar scoil
- caitheamh creasa sábhála a spreagadh
- dea-iompar ar bhusanna scoile a chur chun cinn
- caitheamh beart frithchaiteach agus clogad a spreagadh agus daoine ag rothaíocht

## C64. An bhfuil gaol ann idir an curaclam a mhúintear agus an ráiteas sábháilteachta?

**F.** D'fhéadfá eolas a chur i gceangal leis an ráiteas sábháilteachta a bhaineann leis na hábhair a chuirtear ar fáil sa scoil i láthair na huaire, nuair is soiléir go mbaineann na hábhair le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa. D'fhéadfaí go n-áireofaí tagairtí d'ábhar curaclaim, do mhodheolaíocht, d'úsáid trealaimh, do úsáid agus stóráil acmhainní.

D'fhéadfaí go n-áireofaí le hábhair agus réimsí curaclaim:

- Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
- Teicneolaíocht
- Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)
- Miotalóireacht
- Innealtóireacht
- Staidéar Foirgníochta
- Eolaíocht
- Corpoideachas
- Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh
- Eacnamaíocht Bhaile
- Turais allamuigh agus turais oideachasúla m.sh. sa Tíreolaíocht, sa Stair agus san Oideachas Sibhialta, Sóisialta agus Polaitiúil
- Modúil Gairmchláir Idirbhliana, na hArdteistiméireachta Feidhmí, na hArdteistiméireachta
- Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta
- Eolaíocht Talmhaíochta
- Dearadh agus Grafaicí Cumarsáide
- Talmhaíocht/Gairneoireacht
- Ceardaíocht agus Dearadh
- Staidéir Fóillíochta Gníomhaí
- Lónadóireacht Óstáin agus Turasóireacht

CUID C

# Buntreoir maidir le Teimpléid Measúnaithe Riosca

## Cad é Measúnú Riosca?

Is rud é an measúnú riosca a dhéanaimid i ngach gné dár saoil. I dtimpeallacht an ionaid oibre, tá measúnú riosca ag croílár sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú go rathúil.

Próiseas 3-chéim atá ann:

**Céim 1** An ghuais a shainaithint

**Céim 2** An riosca a mheas i gcomhréir leis an nguais

**Céim 3** Bearta rialúcháin cuí a shainaithint agus a chur i bhfeidhm chun an riosca a dhíchur nó a laghdú

## An chaoi a n-oibríonn teimpléad an Mheasúnaithe Riosca

Faoin reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa, ní mór d'fhostóirí measúnú riosca (i scríbhinn) dá n-ionad oibre a chomhlánú. Is príomhchuid den Ráiteas Sábháilteachta é Measúnú Riosca agus go bunúsach baineann na trí chéim sainaitheanta thuas leis. Tá céim bhreise 'athbhreithniú agus uasdátú' ag teastáil freisin – is gníomhaíocht leanúnach í sin agus tá sí ina cuid d'athbhreithniú ginearálta an ráitis sábháilteachta ar chóir dó tarlú go bliantúil nó aon uair a tharlaíonn athruithe suntasacha, mar cheannach innealra nó trealamh nua d'fhonn úsáide sa scoil.

Cuimsítear i gCuid C sraith teimpléad measúnaithe riosca do roinnt mhaith de na gnáthghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí neamhghnáthaimh i scoileanna.
Liostaíonn na teimpléid cuid de na guaiseacha is coitianta a shainaithnítear i dtimpeallacht na scoile agus na rioscaí a bhaineann leo. Liostaítear réimse beart rialúcháin freisin a d'fhéadfaí a bheith i bhfeidhm chun guaiseacha a dhíothú nó a rioscaí a laghdú.

- Is féidir le duine ar bith atá ag déanamh measúnaithe riosca in aon chuid den scoil úsáid dhíreach a bhaint as na teimpléid seo.
- Tá na teimpléid idirghníomhach agus is féidir iad a íoslódáil ó **www.hsa.ie/education**
- Is féidir le baill foirne na teimpléid measúnaithe riosca do na gníomhaíochtaí ina bhfuil siad bainteach a roghnú. Féadfaidh beirt bhall foirne nó níos mó oibriú le chéile chun na teimpléid measúnaithe riosca a chomhlánú i gcás go n-úsáideann siad an seomra ranga céanna, nó go bhfuil post comhchosúil acu.
- Saineoidh an Bord Bainistíochta/BOO amscálaí cuí le haghaidh na measúnuithe riosca a chomhlánú.

Tabhair do d'aire: Liosta neamh-uileghábhálach de na guaiseacha agus rioscaí go léir atá sa scoil agat is ea na teimpléid measúnuithe riosca seo a leanas. Féadfaidh sé a bheith riachtanach mar sin an teimpléad bán (Uimh. 74) atá ar fáil ar chúl Chuid C a úsáid do na guaiseacha sin nach ndéileáiltear leo go sonrach. Ba cheart go ndéanfadh na teimpléid seo bunús maith chun guaiseacha a shainaithint, measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus rialúcháin a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ní mór duit aire mhaith a thabhairt do do thimpeallacht scoile féin agus guaiseacha agus rialúcháin eile atá i bhfeidhm agat nó atá le cur i bhfeidhm mar riachtanas a shainaithint agus a scríobh síos. Moltar go ndéanfadh gach múinteoir measúnú riosca dá s(h)eomra ranga féin gach bliain á chur san áireamh aois agus gnéithe ábhartha eile na ndaltaí a úsáideann an seomra sin le linn na bliana.

## Ag tosú

Sainaithníonn an duine atá ag déanamh an mheasúnaithe riosca na teimpléid ábhartha dá c(h)uid gníomhaíochtaí ar leith féin. Úsáidtear 'an tInnéacs de Theimpléid Measúnaithe Riosca ar Líne ' don tasc sin - féach leathanach uimh. 62. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoir cinneadh a dhéanamh na teimpléid seo a leanas a úsáid chun measúnú riosca a chur i gcrích do sheomra ranga ginearálta. D'fhéadfaí go dteastódh teimpléid eile de réir na nguaiseacha a sainaithníodh. Is féidir gach teimpléad a íoslódáil ó **www.hsa.ie/edcuation**, agus is féidir iad a líonadh de láimh nó go leictreonach.

- Teimpléad Uimh. 12 Sciorradh, Tuisliú nó Titim
- Teimpléad Uimh. 13 Láimhsiú
- Teimpléad Uimh. 19 Dóiteán (Seomraí Ranga Ginearálta agus Oifigí)
- Teimpléad Uimh. 21 Garchabhair
- Teimpléad Uimh. 48 Ceisteanna a bhaineann le Daltaí

### Céim 1

Ba chóir iniúchadh siúil den limistéar a bhfuiltear ag déanamh measúnú riosca air a chur i gcrích, mar shampla, an seomraí ranga, oifig, seomra foirne, tailte na scoile, srl. Is é an cuspóir atá leis an iniúchadh siúil sin ná aon ghuaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint. Ba cheart na teimpléid measúnaithe riosca ábhartha a úsáid chun cabhrú le sainaithint guaiseacha.

Nuair nach dtugtar aghaidh ar ghuais ar leith i dteimpléad measúnaithe riosca is féidir **Teimpléad Uimh. 74** a úsáid chun an fhaisnéis nua sin a iontráil. Is féidir an teimpléad glan sin a atáirgeadh freisin d'aon ghuaiseacha breise. Cuimhnigh **is liosta guaiseacha neamh-uileghabhálach atá sna teimpléid measúnaithe riosca**. Ar leathanaigh 60-61, feicfidh tú teimpléad samplach measúnaithe riosca atá comhlánaithe do ghníomhaíochtaí láimhsithe i scoil.

### Céim 2

Críochnaigh an measúnú riosca trí dhul tríd an teimpléad ábhartha, ó chlé go deas, ag tabhairt gach teideal colúin do d'aire. Cuir gach faisnéis ábhartha san áireamh.

- Ba chóir go síneodh agus go ndátódh an duine a chuir an measúnú i gcrích an teimpléad measúnaithe riosca. Ba chóir go n-áireofaí freisin na gníomhartha ar fad atá fós le réiteach agus a dteastaíonn aird uathu.
- Ba cheart na measúnuithe riosca a chur ar aghaidh ansin chuig an bpríomhoide/duine ainmnithe/gcoiste sábháilteachta le bheith comhordaithe ionas gur féidir plean ar an scoil uile a fhorbairt do na guaiseacha go léir nach bhfuil rialaithe.

***Féach ar Léaráid 1 ar an gcéad leathanach eile le haghaidh ceannteidil cholúin agus conas iad a léirmhíniú.***

| Guaiseacha | An bhfuil an ghuais i láthair? T/N | Cén riosca atá i gceist? | Grádú riosca A = Ard M = Meán Í = Íseal | Bearta rialúcháin | An bhfuil an rialúchán seo i bhfeidhm? T/N | Más "níl", céard iad na gníomhartha a theastaíonn leis an rialúchaán a chur i bhfeidhm? | Duine atá freagrach | Dáta a cuireadh an gníomh i gcrích |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |

Má tá gá le beart **Ard Riosca (A)** amháin nó níos mó, ansin d'fhéadfadh an riosca díobhála a bheith ard agus ba chóir beart láithreach a ghlacadh. Ba chóir déileáil le gníomhartha **Meánriosca (M)** a luaithe is féidir. Ba chóir déileáil le gníomhartha **Íseal-riosca (Í)** chomh luath agus atá sé praiticiúil.

© Gach ceart ar cosaint

**Measúnú Riosca arna dhéanamh ag:** ______________________ **Dáta:** / /

1 **Guaiseacha**: Tá gnáthghuais liostaithe don timpeallacht seo

2 **An bhfuil an ghuais i láthair?** Cuir Tá nó Níl ar an bhfoirm

3 **Cén riosca atá i gceist?** Insítear anseo duit cad a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar an nguais

4 **Rátáil riosca - Ard, Meán nó Íseal:** Córas rátála molta é seo don ghuais. Tugann sé seo tuairim ghinearálta ar dhéine an riosca (ón ngaois) mura bhfuil an rialúchán i bhfeidhm, agus cabhraíonn sé leat tosaíochtaí a leagan amach chun bearta rialúcháin a chur i bhfeidhm.

Is gá duit an cás atá ábhartha do do scoil a chur san áireamh, mar shampla, an bhfuil riosca níos mó i gceist má chuirtear an ghuais seo le guaiseacha eile atá sainaitheanta agat i limistéar oibre/seomra ranga faoi leith? Mura bhfuil beart rialúcháin ar leith i bhfeidhm i do scoil, feicfidh tú an rátáil riosca a bhaineann leis. Cabhróidh sé sin leat an riosca a mheas agus liosta gníomhaíochtaí tosaíochta a chruthú.

**Tá an Rátáil Riosca ARD, MEÁN nó ÍSEAL**

**RÁTÁIL ARDRIOSCA = Gníomh ardtosaíochta**

Má tá líon beart rialúcháin nach bhfuil i bhfeidhm agus go bhfuil rátáil riosca 'Ard', mar shampla, tugtha dóibh ansin tá an gníomh Tosaíochta atá ag teastáil 'Ard' freisin. Nuair atá na bearta rialúcháin cuí i bhfeidhm d'fhéadfadh an rátáil riosca athrú go Meánriosca nó go hÍsealriosca. Ciallaíonn sé sin gur díchuireadh an ghuais bhunaidh nó gur laghdaíodh na rioscaí a bhaineann go suntasach.

5 **Bearta Rialúcháin:** Cuireann siad seo in iúl na cineálacha gníomh nach mór a chur i bhfeidhm chun an riosca a dhíchur nó a laghdú.

6 **An bhfuil an rialúchán seo i bhfeidhm?** Cuir Tá nó Níl ar an bhfoirm mar is cuí.

7 **Gníomhartha:** Más é Tá an freagra a thug tú ar an gceist roimhe seo ansin níl aon ghníomh breise ag teastáil. Más é Níl an freagra a thug tú ar an gceist roimhe seo, ansin ní mór duit na gníomhartha atá ag teastáil nó atá molta a scríobh isteach.

8 **Duine atá freagrach**: Scríobh isteach ainmneacha na ndaoine atá freagrach as na gníomhartha a dhéanamh. Má tá curtha in iúl agat cheana go bhfuil bearta rialúcháin i bhfeidhm atá leanúnach le linn na scoilbhliana, féadfar gur mhian leat fós ainm an duine atá freagrach a scríobh anseo. Mar shampla, d'fhéadfaí gurbh é an príomhoide an duine atá freagrach as aird múinteoirí agus daltaí a tharraingt ar bheartas/gnás sonrach sábháilteachta agus sláinte atá tábhachtach ag tús gach scoilbliain.

9 **Dáta a cuireadh an gníomh i gcrích:** Ní mór don duine a dhéanann an measúnú riosca dátaí comhlánaithe a chur isteach chomh luath agus a chuirtear an gníomh/beart rialúcháin i gcrích.

## Céim 3

Baineann Céim 3 leis na bearta rialúcháin. Céard is féidir a dhéanamh chun an tsábháilteacht a fheabhsú? An féidir an ghuais a dhíchur? Mura féidir, an féidir an riosca a laghdú go suntasach? Seo an cineál ceisteanna a chaithfear a chur ag an gcéim seo den phróiseas. Cabhróidh na pointí seo a leanas freisin le Céim 3.

- I gcás go bhfaightear amach nach bhfuil rialúchán i bhfeidhm, ní mór an colún "**cén gníomhartha a theastaíonn chun an rialúchán a chur i bhfeidhm?**" a chomhlánú ag cur in iúl na gníomhartha riachtanacha atá ag teastáil chun an ghuais a rialú. Sa cholún "**Duine atá freagrach**" tugtar freagracht do dhuine as a chinntiú go bhfuil an rialúchán i bhfeidhm.

- Nuair atá na gníomhartha críochnaithe agus rialúcháin curtha i bhfeidhm, ba chóir go líonfadh an duine atá ag déanamh an mheasúnaithe riosca nó duine eile ainmnithe an colún "**Dáta a Cuireadh an Gníomh i gCrích**".

- Nuair nach féidir leis an duine atá ag déanamh an mheasúnaithe riosca gníomh a chur i gcrích (ní féidir an rialúchán a chur i gcrích), ní mór é a thabhairt ar aird an duine/na ndaoine cuí, mar shampla, an príomhoide, an t-airíoch, Bord Bainistíochta srl.

- Féadfaidh roinnt gníomhartha a bheith leanúnach. Is féidir an t-eolas sin a chur san áireamh sa cholún "**Dáta a Cuireadh an Gníomh i gCrích**" freisin.

- Má ainmnigh an Bord Bainistíochta/BOO duine le sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainisiú thar a gceann, mar shampla an príomhoide, bainistíonn an duine sin an próiseas measúnaithe riosca. Beidh freagracht fhoriomlán fós ag an mBord Bainistíochta/BOO as bainistiú sláinte agus sábháilteachta i scoileanna, agus ní mór dóibh a séala a chur leis an ráiteas sábháilteachta lena n-áirítear na measúnuithe riosca. Is den dea-chleachtas é freisin go gcuirfear aon phlean gníomhaíochta a eascraíonn as an bpróiseas measúnaithe riosca faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta/BOO, mar eolas dóibh, dá gceadú agus dá ngíomhú, nuair is gá.

# Teimpléad Samplach Measúnaithe Riosca Don Láimhsiú (Ginearálta)

| Guaiseacha | An bhfuil an ghuais i láthair? T/N | Cén riosca atá i gceist? | Grádú riosca A = Ard M = Meán Í = Íseal | Bearta rialúcháin | An bhfuil an rialúchán seo i bhfeidhm? T/N | Más "níl", céard iad na gníomhartha a theastaíonn leis an rialúchán a chur i bhfeidhm? | Duine atá freagrach | Dáta a cuireadh an gníomh i gcrích |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iompar ualaí troma, m.sh. airíoch ag iompar ualach trom chuig stórtha<br><br>Cuir ceist:<br>An bhfuil an t-ualach daingnithe?<br>An bhfuil an meáchan ró-throm?<br>An bhfuil an t-ualach ró-mhór?<br>An bhfuil an cruth liobarnach nó do-láimhsithe? | Y | Gortú droma nó géige uachtair<br><br>Saothar coirp ró-mhinic nó ró-fhadtréimhseach a chuireann isteach go háirithe ar an dromlach | A | Nuair atá stoc á cheannach mar chré, comhábhair, adhmad d'adhmadóireacht, tógtar na meáchain treoirlínte san áireamh agus ceannaítear earra níos lú meáchain nuair is féidir, m.sh. mála cré 5kg in ionad mála 12.5kg<br><br>Úsáidtear tralaí cuí d'fhonn ualaí troma a aistriú agus láimhsiú foirne d'fhonn ualach a aistriú chuig an tralaí<br><br>Cuirtear teagasc cuí ar fáil don fhoireann maidir leis an gcaoi inar cheart ualaí a ardú ar thralaí nó a ísliú uaidh | Y<br><br>Y<br><br>Y | Ní gá aon ní a dhéanamh<br><br>Ní gá aon ní a dhéanamh<br><br>Ní gá aon ní a dhéanamh | Caitríona Ruiséil (Príomhoide)<br><br>Anfhoireannar fadbainteach<br><br>Caitríona Ruiséil (Príomhoide) | |
| Ualach trom a iompar os cionn airde na gualainne, m.sh. gréithe cócaireachta a thógáil ó sheilfeanna sa cheaintín nó i Seomra na hEacnamaíochta Baile | N | Gortú droma nó géige uachtair | A | Déantar stóráil gréithe a bhfuil rochtain orthu go minic a eagrú i dtreo is go stóráiltear na nithe is troime ar na seilfeanna láir seachas ar an urlár nó os cionn airde gualainne<br><br>Déantar cinnte de nach n-ardófar aon ualaí atá ró-throm (Féach ar mheáchain threoracha dó sin - Féach teimpléad Uimh. 13) | Y | Ní gá aon ní a dhéanamh | Anfhoireannar fadbainteach | |
| Gortú a tharla mar gheall ar easpa eolais, teagaisc nó oiliúint um thasc láimhsithe a chríochnú mar ba chuí | N | Gortú droma nó géige uachtair | A | Measúnú riosca a dhéanamh ar thascanna roimh láimhsiú. Faigheann an fhoireann oiliúint ó theagascóir inniúil más gá<br><br>Tá bearta cuí i bhfeidhm le fachtóirí riosca a chuireann leis an riosca go dtarlódh gortú droma a laghdú. Áirítear leis na fachtóirí riosca sin fórsa nó meáchan lóid iomarcach, staidiúir amscaí agus droch-bhainistiú nó timpeallacht oibre a bhfuil spás nó rochtain theoranta ann | Y | Ní gá aon ní a dhéanamh | Caitríona Ruiséil (Príomhoide) | |

# Teimpléad Samplach Measúnaithe Riosca Don Láimhsiú (Ginearálta)

| Guaiseacha | An bhfuil an ghuais i láthair?<br>T/N | Cén riosca atá i gceist? | Grádú riosca<br>A = Ard<br>M = Meán<br>Í = Íseal | Bearta rialúcháin | An bhfuil an rialúchán seo i bhfeidhm?<br>T/N | Más "níl", céard iad na gníomhartha a theastaíonn leis an rialúchán a chur i bhfeidhm? | Duine atá freagrach | Dáta a cuireadh an gníomh i gcrích |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Droch-bhainistiú, m.sh. glantóir ag baint úsáid as trealamh glanta urláir | Y | Staidiúir lúbtha amscaí atriallach as a dtiocfaidh gortú | A | Tá píobán an fholúsghlantóra sínte go dtí an fad ceart ionas nach mbeidh gá le staidiúir lúbtha amscaí nach bhfuil riachtanach | Y | Ní gá aon ní a dhéanamh | Anfhoireannar fadbainteach | |
| | | | | Tá an trealamh glantacháin cuí don tasc a ceapadh dó é | Y | Ní gá aon ní a dhéanamh | Caitríona Ruiséil (Príomhoide) | |
| | | Droch-shúchán san fholúsghlantóir as a dtiocfaidh saothar coirp ró mhinic | A | Tá an trealamh glanta in ord maith oibre agus déantar é a dheisiú nó a athsholáthar nuair is gá | Y | Ní gá aon ní a dhéanamh | Glantóirí/ foireann glantacháin | |
| Ag iompar ualaí thar achar fada, m.sh. stóráil soláthairtí ranga amhail ábhair don seomra Ealaíne | Y | Straidhn droma, teasc sciorrtha, heirne | A | Tá na limistéir oibre eagraithe chun a chinntiú go stóráiltear ábhair gar don áit ina n-úsáidtear iad nó faightear áis láimhsithe | Y | Ní gá aon ní a dhéanamh | Gachballfoirne | |
| Ag sá/tarraingt earraí troma nó amscaí | Y | Straidhn droma, teasc sciorrtha, heirne | A | Tralaí cuí curtha ar fáil chun earraí a aistriú | Y | Ní gá aon ní a dhéanamh | CaitríonaRuiséil (Príomhoide) | |
| | | | A | Déantar earraí níos éadroime nó níos lú nuair is féidir | | Ní gá aon ní a dhéanamh | Gachballfoirne | |
| | | | A | Iarrann daoine cabhair agus iad ag aistriú earraí troma | | Ní gá aon ní a dhéanamh | Gachballfoirne | |
| | | | A | Tógtar aon rud a d'fhéadfadh bheith ina bhac as an mbealach | | Ní gá aon ní a dhéanamh | Gachballfoirne | |
| | | | | Roghnaítear an bealach is sábháilte chun earraí a aistriú, go háirithe nuair a d'fhéadfadh leibhéal an urláir athrú ó áit go háit agus go gcaithfear an t-ualach a láimhsiú ar leibhéil éagsúla, m.sh. úsáid a bhaint as rampa | | Ní gá aon ní a dhéanamh | Gachballfoirne | |

Má tá gá le beart **Ard Riosca (A)** amháin nó níos mó, ansin d'fhéadfadh an riosca díobhála a bheith ard agus ba chóir beart láithreach a ghlacadh.
Ba chóir déileáil le gníomhartha **Meánriosca (M)** a luaithe is féidir. Ba chóir déileáil le gníomhartha **Íseal-riosca (Í)** chomh luath agus atá sé praiticiúil.

© Gach ceart ar cosaint

**Measúnú Riosca arna dhéanamh ag:** Caitríona Ruiséil, Príomhoide **Dáta:** 05/09/18

# Innéacs de Theimpléid Measúnaithe Riosca ar Líne

www.hsa.ie/education

## Seomra Ealaíne
Uimh.1 Seomra Ealaíne (Ginearálta)
Uimh.2 Ealaín (Criadóireacht)
Uimh. 3 Ealaín (Úsáid Sceana agus Gearrthóirí)

## Ceaintín
Uimh. 4 Ceaintín (Ginearálta)
Uimh. 5 Ceaintín (Ag Obair le Táirgí Ceimiceacha)

## Glantachán
Uimh. 6 Glantachán (Ginearálta)
Uimh. 7 Glantachán (Ceimiceáin Ghuaiseacha agus Oibreáin Bhitheolaíocha)
Uimh. 8 Glantachán (Dlúthóir Dramhaíola agus Burlaire)
Uimh. 9 Glantachán (Obair ar Airde – Dréimirí)
Uimh. 10 Glantachán (Forálacha Leasa - Seomraí Scíthe, Báisíní Níocháin, Cithfholcadáin)

## Ríomhairí (Stáisiúin Oibre Aonaid Taispeána Físe)
Uimh. 11 Stáisiúin Oibre Aonaid Taispeána Físe (Ginearálta)

## Ginearálta (Scoil Uile)
Uimh.12 Sciorradh, Tuisliú nó Titim
Uimh.13 Láimhsiú
Uimh.14 Rochtain Ghinearálta/Isteach agus Amach
Uimh. 15 Obair ar Airde (Ginearálta)
Uimh.16 Ardaitheoirí Ardáin
Uimh. 17 Ardaitheoirí Paisinéirí/Seirbhísí
Uimh.18 Dóiteán (Sainsheomraí)
Uimh.19 Dóiteán (Seomraí Ranga Ginearálta agus Oifigí)
Uimh. 20 Dóiteán - Imeachtaí ar Láthair na Scoile (Drámaí, Ceoldrámaí, Ceolchoirmeacha, Cruinnithe)
Uimh. 21 Garchabhair
Uimh. 22 Gléasanna Leictreacha Iniompartha
Uimh. 23 Bulaíocht san Ionad Oibre
Uimh. 24 Strus san ionad Oibre
Uimh.25 Carrchlós agus Ceantair Lasmuigh
Uimh.26 Seomra Foirne
Uimh.27 Mná Torracha, Iarbhreithe agus Bheathú Cíche
Uimh.28 Torann
Uimh.29 Radón
Uimh.30 Múscán
Uimh.31 Aispeist
Uimh.32 Legionella
Uimh.33 Oibreoirí Aonair (m.sh. airígh)

## Seomra Eacnamaíochta Baile
Uimh. 34 Seomra Eacnamaíochta Baile (Ginearálta)
Uimh. 35 Eacnamaíocht Bhaile (Úsáid Gearrthóirí Sábháilteachta/Sceana)
Uimh. 36 Eacnamaíocht Bhaile (Gléasanna Leictreacha Iniompartha)

# Innéacs de Theimpléid Measúnaithe Riosca ar Líne (ar lean).

**Cothabháil (Airíochas/Bainistíocht Saoráidí, Conraitheoirí, srl.)**

Uimh. 37 Cothabháil (Ginearálta)
Uimh.38 Conraitheoirí Foirgníochta
Uimh. 39 Cothabháil (Tarracóirí)
Uimh.40 Coire-Theach agus Tancanna Breosla
Uimh. 41 Gearradh Féir/Lomaire Marcaíocht Air
Uimh. 42 Scairdniteoirí
Uimh. 43 Ciumhaisirí
Uimh.44 Dlúthóir Dramhaíola agus/nó Burlaire
Uimh. 45 Cothabháil (Obair ar Airde - Dréimirí)

**Corpoideachas**

Uimh.46 Trealamh Aclaíochta/Trealamh Spórtlainne
Uimh.47 Cuaillí Báire

**Ceisteanna a bhaineann le Daltaí**

Uimh. 48 Ceisteanna a bhaineann le Daltaí

**Seomra Eolaíochta/Saotharlann**

Uimh. 49 Eolaíocht (Dóirí Bunsen)
Uimh. 50 Eolaíocht (Ceimiceáin)
Uimh. 51 Eolaíocht (Earraí gloine)

**Teicneolaíochtaí**

Uimh. 52 Teicneolaíochtaí (Uirlisí Cumhachta Láimhe)
Uimh. 53 Teicneolaíochtaí (Uirlisí Neamhchumhachta Láimhe)
Uimh. 54 Teicneolaíochtaí (Crios-Sábh Boird Lámhfhotha)
Uimh. 55 Teicneolaíochtaí (Oighinn Leictreacha)
Uimh. 56 Teicneolaíochtaí (Deil Láir Mhiotalóireachta (láimhe)
Uimh. 57 Teicneolaíochtaí (Sábh Ciorclach Binse Adhmadóireachta)
Uimh. 58 Teicneolaíochtaí (Meilteoir Binse/Seastáin)
Uimh. 59 Teicneolaíochtaí (Ceimiceáin Ghuaiseacha - Miotalóireacht, Adhmadóireacht, srl.)
Uimh. 60 Teicneolaíochtaí (Meaisín Muilleoireachta)
Uimh. 61 Teicneolaíochtaí (Moirtíseoir)
Uimh. 62 Teicneolaíochtaí (Druilire Seastáin (Miotalóireacht))
Uimh. 63 Teicneolaíochtaí (Meaisín Plánála Dromchla agus Tiúsachta)
Uimh. 64 Teicneolaíochtaí (Cuasphlána Iniompartha)
Uimh. 65 Teicneolaíochtaí (Sábh Cumhachta Ciorclach Iniompartha Láimhe)
Uimh. 66 Teicneolaíochtaí (Scrollsábh Binse)
Uimh. 67 Teicneolaíochtaí (Folúsfhoirmeoir)
Uimh. 68 Teicneolaíochtaí (Deil Adhmaid)
Uimh. 69 Teicneolaíochtaí (Gilitíní Cumhachtaithe)
Uimh. 70 Teicneolaíochtaí (Gilitíní Gearrtha Miotail Troitheánoibrithe Láimhe)

**Gníomhaíochtaí Scoile Seachtracha**

Uimh. 71 Gníomhaíocht Scoile Sheachtrach (Turais Scoile - Turais Lae, Cluichí)
Uimh. 72 Gníomhaíocht Scoile Sheachtrach (Gníomhaíocht Eachtraíochta Lasmuigh)
Uimh. 73 Gníomhaíocht Scoile Sheachtrach (Socrúcháin Oibre)
Uimh. 74 Teimpléad Measúnaithe Riosca Glan

D'fhonn cabhrú leat na Treoirlínte seo a úsáid, sonraítear i rannáin 1-12 ar na leathanaigh seo a leanas **teimpléid measúnaithe riosca mholta** is féidir a chomhlánú do gach réimse ábhair nó gníomhaíocht oibre. Mar shampla, léirítear roinnt teimpléad a bhaineann le rang/seomra Ealaíne i rannán 1. Léirítear na teimpléid mholta a d'fhéadfaí a úsáid agus gníomhaíochtaí cothabhála á ndéanamh i scoil i Rannán 6, m.sh. airíoch.

Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire nach bhfuil na 12 rannán a liostaítear, ná na teimpléid mholta, uileghabhálach. D'fhéadfaí go mbainfeadh rannáin nó teimpléid bhreise le do scoil.

## 1. Ealaín

- Seomra Ealaíne (Ginearálta) - Teimpléad Uimh. 1
- Ealaín (Criadóireacht) - Teimpléad Uimh. 2
- Ealaín (Úsáid Sceana agus Gearrthóirí) - Teimpléad Uimh. 3
- Gníomhaíocht Scoile Sheachtrach (Turais Scoile - Turais Lae, Cluichí) - Teimpléad Uimh. 71
- Láimhsiú - Teimpléad Uimh. 13
- Gléasanna Leictreacha Iniompartha - Teimpléad Uimh. 22
- Sciorradh, Tuisliú nó Titim - Teimpléad Uimh. 12
- Dóiteán (Sainseomraí) - Teimpléad Uimh. 18
- Garchabhair - Teimpléad Uimh. 21
- Ceisteanna a bhaineann le Daltaí - Teimpléad Uimh. 48

1

## 2. Ceaintín

- Canteen (Ginearálta) - Teimpléad Uimh. 4
- Ceaintín (Ag Obair le Táirgí Ceimiceacha) - Teimpléad Uimh. 5
- Garchabhair - Teimpléad Uimh. 21
- Láimhsiú - Teimpléad Uimh. 13
- Gléasanna Leictreacha Iniompartha - Teimpléad Uimh. 22
- Sciorradh, Tuisliú nó Titim - Teimpléad Uimh. 12
- Dóiteán (Seomraí Ranga agus Oifigí Ginearálta) – Teimpléad Uimh. 19

2

## 3. Glantachán

- Glantachán (Ginearálta) - Teimpléad Uimh. 6
- Glantachán (Ceimiceáin Ghuaiseacha agus Oibreáin Bhitheolaíocha) - Teimpléad Uimh. 7
- Glantachán (Dlúthóir Dramhaíola agus Burlaire) - Teimpléad Uimh. 8
- Glantachán (Obair ar Airde - Dréimirí) - Teimpléad Uimh. 9
- Glantachán (Forálacha Leasa - Seomraí Scíthe, Báisíní Níocháin, Cithfholcadáin) - Teimpléad Uimh. 10
- Sciorradh, Tuisliú nó Titim - Teimpléad Uimh. 12
- Garchabhair - Teimpléad Uimh. 21
- Gléasanna Leictreacha Iniompartha - Teimpléad Uimh. 22

3

## 4. Ríomhairí (Stáisiúin Oibre)

- Ceisteanna a bhaineann le Daltaí - Teimpléad Uimh. 48
- Stáisiúin Oibre (Ginearálta) - Teimpléad Uimh. 11
- Gléasanna Leictreacha Iniompartha - Teimpléad Uimh. 22
- Dóiteán (Seomraí Ranga agus Oifigí Ginearálta) – Teimpléad Uimh. 19

4

## 5. Eacnamaíocht Bhaile

- Seomra Eacnamaíochta Baile (Ginearálta) – Teimpléad Uimh. 34
- Eacnamaíocht Bhaile (Úsáid Gearrthóirí Sábháilteachta/Sceana) - Teimpléad Uimh. 35
- Eacnamaíocht Bhaile (Gléasanna Leictreacha Iniompartha) - Teimpléad Uimh. 36
- Dóiteán (Sainseomraí) - Teimpléad Uimh. 18
- Láimhsiú - Teimpléad Uimh. 13
- Sciorradh, Tuisliú nó Titim - Teimpléad Uimh. 12
- Garchabhair - Teimpléad Uimh. 21
- Ceisteanna a bhaineann le Daltaí - Teimpléad Uimh. 48

5

## 6. Cothabháil

(Airíochas/Bainistíocht Saoráidí, Conraitheoirí, srl.)

- Cothabháil (Ginearálta) - Teimpléad Uimh. 37
- Conraitheoirí Foirgníochta - Teimpléad Uimh. 38
- Cothabháil (Tarracóirí) - Teimpléad Uimh. 39
- Coire-Theach agus Tancanna Breosla - Teimpléad Uimh. 40
- Gearradh Féir/Lomaire Marcaíochta - Teimpléad Uimh. 41
- Scairdniteoirí – Teimpléad Uimh. 42
- Ciumhaisirí – Teimpléad Uimh. 43
- Dlúthóir Dramhaíola agus/nó Burlaire - Uimh. 44
- Cothabháil (Obair ar Airde - Dréimirí) - Teimpléad Uimh. 45
- Carrchlós agus Limistéir Lasmuigh - Teimpléad Uimh. 25
- Dóiteán - Teimpléid Uimh. 19 agus 20
- Garchabhair - Teimpléad Uimh. 21
- Teicneolaíochtaí (Uirlisí Cumhachta Láimhe) - Teimpléad Uimh. 52
- Teicneolaíochtaí (Uirlisí Neamhchumhachta Láimhe) - Teimpléad Uimh. 53)
- Glantachán (Ceimiceáin Ghuaiseacha agus Oibreáin Bhitheolaíocha) – Teimpléad Uimh. 7
- Legionella – Teimpléad Uimh. 32
- Láimhsiú - Teimpléad Uimh. 13
- Gléasanna Leictreacha Iniompartha - Teimpléad Uimh. 22
- Oibrithe Aonair (m.sh. Airígh) - Teimpléad Uimh. 33
- Ardaitheoirí Paisinéirí/Seirbhísí - Teimpléad Uimh. 17

6

## 7. Fisiceach Oideachas

- Trealamh Aclaíochta/Trealamh Spórtlainne – Teimpléad Uimh. 46
- Cuaillí Báire – Teimpléad Uimh. 47
- Garchabhair - Teimpléad Uimh. 21
- Sciorradh, Tuisliú nó Titim – Teimpléad Uimh. 12
- Láimhsiú – Teimpléad Uimh. 13
- Gníomhaíocht Scoile Sheachtrach (Turais Scoile – Turais Lae, Cluichí) – Teimpléad Uimh. 71
- Gníomhaíocht Scoile Sheachtrach (Gníomhaíocht Eachtraíochta Lasmuigh) – Teimpléad Uimh. 72
- Ceisteanna a bhaineann le Daltaí - Teimpléad Uimh. 48

7

## 8. Eolaíocht

- Eolaíocht (Dóirí Bunsen) – Teimpléad Uimh. 49
- Eolaíocht (Ceimiceáin) – Teimpléad Uimh. 50
- Eolaíocht (Earraí Gloine) – Teimpléad Uimh. 51
- Dóiteán (Sainseomraí) - Teimpléad Uimh. 18
- Garchabhair – Teimpléad Uimh. 21
- Láimhsiú – Teimpléad Uimh. 13
- Gléasanna Leictreacha Iniompartha – Teimpléad Uimh. 22
- Sciorradh, Tuisliú nó Titim – Teimpléad Uimh. 12
- Mná Torracha, Iarbhreithe agus atá ag Cothú Cíche – Teimpléad Uimh. 27
- Ceisteanna a bhaineann le Daltaí – Teimpléad Uimh. 48

8

## 9. Teicneolaíochtaí

- Teicneolaíochtaí (Uirlisí Cumhachta Láimhe) - Teimpléad Uimh. 52
- Teicneolaíochtaí (Uirlisí Neamhchumhachta Láimhe) – Teimpléad Uimh. 53
- Teicneolaíochtaí (Crios-Sábh Boird Lámhfhotha) – Teimpléad Uimh. 54
- Teicneolaíochtaí (Oighinn Leictreacha) – Teimpléad Uimh. 55
- Teicneolaíochtaí (Deil Láir Mhiotalóireachta) – Teimpléad Uimh. 56
- Teicneolaíochtaí (Sábh Ciorclach Binse Adhmadóireachta) – Teimpléad Uimh. 57
- Teicneolaíochtaí (Meilteoir Binse/Seastáin) – Teimpléad Uimh. 58
- Teicneolaíochtaí (Ceimiceáin Ghuaiseacha - Miotalóireacht, Adhmadóireacht, srl.) – Teimpléad Uimh. 59
- Teicneolaíochtaí (Meaisín Muilleoireachta) – Teimpléad Uimh. 60
- Teicneolaíochtaí (Moirtíseoir) – Teimpléad Uimh. 61
- Teicneolaíochtaí (Druilire Seastáin (Miotalóireacht)) – Teimpléad Uimh. 62
- Teicneolaíochtaí (Meaisín Plánála Dromchla agus Tiúsachta) - Teimpléad Uimh. 63
- Teicneolaíochtaí (Cuasphlána Iniompartha) – Teimpléad Uimh. 64
- Teicneolaíochtaí (Sábh Cumhachta Ciorclach Iniompartha Láimhe) – Teimpléad Uimh. 65
- Teicneolaíochtaí (Scrollsábh Binse) – Teimpléad Uimh. 66
- Teicneolaíochtaí (Folúsfhoirmeoir) - Teimpléad Uimh. 67
- Teicneolaíochtaí (Deil Adhmaid) – Teimpléad Uimh. 68
- Teicneolaíochtaí (Gilitíní Cumhachtaithe) – Teimpléad Uimh. 69
- Teicneolaíochtaí (Gilitíní Gearrtha Miotail Troitheánoibrithe Láimhe) – Teimpléad Uimh. 70
- Dóiteán (Sainseomraí) - Teimpléad Uimh. 18
- Ceisteanna a bhaineann le Daltaí – Teimpléad Uimh. 48

9

## 10. Idirbhliain

- Gníomhaíocht Scoile Sheachtrach (Turais Scoile – Turais Lae, Cluichí) – Teimpléad Uimh. 71
- Gníomhaíocht Scoile Sheachtrach (Gníomhaíocht Eachtraíochta Lasmuigh) – Teimpléad Uimh. 72
- Gníomhaíocht Scoile Sheachtrach (Socrúcháin Oibre) – Teimpléad Uimh. 73
- Ceisteanna a bhaineann le Daltaí – Teimpléad Uimh. 48

10

## 11. Príomhoide

- Cothabháil (Ginearálta) – Teimpléad Uimh. 37
- Conraitheoirí Foirgníochta - Teimpléad Uimh. 38
- Dóiteán (Seomraí Ranga agus Oifigí Ginearálta) – Teimpléad Uimh. 19
- Sciorradh, Tuisliú nó Titim – Teimpléad Uimh. 12
- Rochtain Ghinearálta/Isteach agus Amach – Teimpléad Uimh. 14
- Láimhsiú – Teimpléad Uimh. 13
- Bulaíocht san Ionad Oibre – Teimpléad Uimh. 23
- Strus san ionad Oibre – Teimpléad Uimh. 24
- Garchabhair – Teimpléad Uimh. 21
- Legionella – Teimpléad Uimh. 32
- Gníomhaíocht Scoile Sheachtrach (Turais Scoile – Turais Lae, Cluichí) – Teimpléad Uimh. 71
- Seomra Foirne - Teimpléad Uimh. 26
- Gníomhaíocht Scoile Sheachtrach (Socrúcháin Oibre) – Teimpléad Uimh. 73
- Ceisteanna a bhaineann le Daltaí – Teimpléad Uimh. 48
- Oibrithe Aonair (m.sh. Airígh) - Teimpléad Uimh. 33

11

## 12. Múinteoirí

- Sciorradh, Tuisliú nó Titim – Teimpléad Uimh. 12
- Láimhsiú – Teimpléad Uimh. 13
- Rochtain Ghinearálta/Isteach agus Amach – Teimpléad Uimh. 14
- Dóiteán (Seomraí Ranga agus Oifigí Ginearálta) – Teimpléad Uimh. 19
- Ceisteanna a bhaineann le Daltaí – Teimpléad Uimh. 48

12

# Measúnú Riosca ar Líne Teimpléid

Níl a bhfuil sna teimpléid measúnaithe riosca ar líne uileghabhálach. D'fhonn treorach a thugtar an fhaisnéis atá iontu agus níl sí ceaptha teacht in ionad an dlí.

Tabhair do d'aire le do thoil:

- is na Cúirteanna amháin ar féidir reachtaíocht reachtúil a léirmhíniú le haon údarás
- tá an fhaisnéis a chuirtear ar fáil faoi réir athcheartaithe, agus
- ní cheaptar aon chomhairle a thugtar a bheith ina treoir dheifnídeach don dlí ábhartha nó teacht ina áit.

Ba chóir comhairle neamhspleách dlí a lorg más cuí.

**Chun teacht ar na teimpléid measúnaithe riosca ar líne, téigh go dtí** **www.hsa.ie/education**

**An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta**
Aonad Teagmhála Ionad
Oibre Íosghlao: 0818 289 389
www.hsa.ie/education
ríomhphost: contactus@hsa.ie

**Ionad Oideachais Chill Chainnigh**
Guthán: 056-7760200
www.eckilkenny.ie
ríomhphost: kecsec@eircom.net

**An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát**
Teil. 01-238 4900
www.stateclaims.ie
Ríomhphost: stateclaims@ntma.ie

ISBN 978-1-84496-252-5 HSA0481

©Cóipcheart 2018
Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála, nó a tharchur in aon fhoirm ná ar mhodh ar bith gan cead a fháil roimh ré.